Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**15145/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0421(NLE)**

**SOC 747**
**EMPL 562**
**CLIMA 463**
**ECOFIN 1266**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 801 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 801 final.

Faoi iamh: COM(2021) 801 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.12.2021
COM(2021) 801 final

2021/0421 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú

{SWD(2021) 452 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Sheol an Comhaontú Glas don Eoraip[1] ('an Comhaontú Glas don Eoraip') straitéis nua chun an tAontas Eorpach a chlaochlú ina shochaí inbhuanaithe, chothrom agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha, ciorclach agus iomaíoch agus glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa ann in 2050. Leagtar béim léi ar thiomantas an Choimisiúin dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil agus na cuspóirí a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras') a bhaint amach chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a dhéanamh í a choinneáil ag 1.5°C. Bheadh costas ollmhór ann do dhaoine, go háirithe dóibh siúd atá i gcásanna leochaileacha, ó thaobh caighdeán maireachtála, sláinte agus folláine de. Chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach, is cuid lárnach den Chomhaontú Glas é an gá le haistriú cothrom, rud a chuir i dtreis nár cheart duine ar bith ná áit ar bith a fhágáil ar gcúl.

I mí an Mheithimh 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa an 'Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid'[2], ina leagtar amach an cuspóir ceangailteach maidir le neodracht aeráide san Aontas faoi 2050[3], agus sprioc idirmheánach cheangailteach de ghlanlaghdú intíre 55 % ar a laghad, faoi 2030, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, mhol an Coimisiún an pacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' i mí Iúil 2021. Is éard atá sa phacáiste sraith chomhleanúnach beart i dtograí reachtacha. Ina measc sin, moltar leis an bpacáiste togra maidir le Ciste Sóisialta Aeráide nua[4] de EUR 72.2 billiún a bhunú le haghaidh na tréimhse 2025-2032 chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, le húsáideoirí iompair agus le micrifhiontair thíos le tabhairt isteach na trádála astaíochtaí le haghaidh breoslaí a úsáidtear in iompar de bhóthar agus i bhfoirgnimh.

Is iad an chothroime agus an dlúthpháirtíocht prionsabail shainiúla an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, d'fhormhuinigh na Ballstáit go háirithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras, Comhaontú ina dtagraítear do '*ghá go mbeidh aistriú cóir ann don lucht saothair agus go gcruthófar obair chuibhiúil agus poist ar ardchaighdeán'*. Deimhnítear an méid sin agus i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chomhaontú Pháras, le Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 na Comhairle Eorpaí agus le hAirteagal 2(2) de Dhlí Eorpach na hAeráide, agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Le Treoirlínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le haistriú cothrom i dtreo geilleagair agus sochaithe do chách atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cuirtear creat beartais, arna bhunú go hidirnáisiúnta, ar fáil d'aistriú cóir. Thairis sin, d'fhormhuinigh na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta Dearbhú 2018 na Siléise maidir le Dlúthpháirtíocht agus Aistriú Cóir, a glacadh ag COP-24 in Katowice, agus Dearbhú 2021

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'An Comhaontú Glas don Eoraip', COM(2019) 640 final.

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1)

[3] Agus an sprioc fhadtéarmach teochta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Chomhaontú Pháras á saothrú.

[4] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta Aeráide, COM(2021) 568 final.

maidir le Tacú leis na Coinníollacha le haghaidh Aistriú Cóir go hIdirnáisiúnta, arna ghlacadh ag COP-26 i nGlaschú.

Tá gá le gníomhaíochtaí beartais chun tacú le daoine agus lena rannpháirtíocht ghníomhach chun go mbeidh rath ar an aistriú glas. An fhís le haghaidh aistriú cothrom i dtreo Eoraip Shóisialta atá láidir agus neodrach ó thaobh na haeráide de, is léiriú í ar na 20 prionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, prionsabail a fógraíodh ag an gCruinniú Mullaigh in Göteborg i mí na Samhna 2017, agus ina bhfuil an 'leabhar rialacha sóisialta' le haghaidh margaí saothair agus córais leasa atá cothrom agus dhea-fheidhmiúil san Eoraip san 21ú haois. Tacóidh cur chun feidhme an Cholúin le haistriú cothrom, rud atá ríthábhachtach chun comhtháthú sóisialta a áirithiú. Tá sé d'aidhm ag Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[5] fórsaí a spreagadh ar gach leibhéal chun gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh de na prionsabail sin. Leagtar amach leis trí phríomhsprioc de chuid an Aontais le haghaidh 2030 i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus laghdú na bochtaineachta, ar chuir ceannairí an Aontais fáilte rompu i nDearbhú Porto mhí na Bealtaine agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Leagtar béim leis ar an ngá atá leis an ngné shóisialta Eorpach a neartú i mbeartais uile an Aontais chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig an neodracht aeráide cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta.

In éineacht leis na beartais chearta, d'fhéadfadh an t-aistriú thart ar 1 mhilliún post a chruthú san Aontas faoi 2030[6] agus 2 mhilliún post faoi 2050[7]. D'fhéadfadh sé poist mheánoiliúna agus ar meánphá, a mbeadh tionchair éagsúla[8] acu de réir na dtíortha, na réigiún agus na n-earnálacha. D'fhéadfadh sé sin rannchuidiú le deighilt i margadh an tsaothair a eascraíonn as meigithreochtaí eile a mhaolú, go háirithe digitiú, ioncam a ardú agus an bhochtaineacht a laghdú i gcoitinne[9]. Mar a léiríodh leis na measúnuithe tionchair a rinneadh ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 agus leis na tograí reachtacha maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', chun athdháileadh saothair a bhaint amach laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha, beidh gá le hinfheistíocht ar mhórscála san athsciliú agus uas-sciliú. Mar shampla, cé go meastar go bhféadfaí 160,000 post breise tógála a chruthú san Aontas faoi 2030 tríd an aistriú aeráide, tá bearnaí scileanna[10] le feiceáil faoi láthair i ngairmeacha a bhaineann le dearadh glas, teicneolaíochtaí glasa agus ábhair ghlasa san earnáil sin. Is féidir leis na beartais tionlacain chearta an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú - agus fiú cosc a chur uirthi - ar rud é a eascraíonn as meascán de na nithe seo a leanas: ioncam íseal, sciar ard d'ioncam indiúscartha á chaitheamh ar fhuinneamh agus droch-éifeachtúlacht fuinnimh. Ina theannta sin, is féidir leo rochtain ar roghanna iompair agus soghluaisteachta atá inacmhainne agus íseal-astaíochtaí a

---

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta', COM(2021) 102 final, 4 Márta 2021.

6 De réir an mheasúnaithe tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 (SWD(2020)176 final).

7 An Coimisiún Eorpach (2019), 'Fás inbhuanaithe do chách:roghanna do thodhchaí na hEorpa Sóisialta, Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2019', 4 Iúil 2019. Bunaithe ar an mionanailís a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018) 773.

8 Eurofound (2019), 'An cás fuinnimh: Impleachtaí fostaíochta atá ag Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

9 An Coimisiún Eorpach (2019), 'Fás inbhuanaithe do chách: Roghanna do thodhchaí na hEorpa Sóisialta, Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2019', caibidil 5 'I dtreo todhchaí níos glaise: tionchair fostaíochta agus shóisialta na mbeartas don athrú aeráide', 4 Iúil 2019.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach: An Rabharta athchóiriúcháin don Eoraip – ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol a fheabhsú, SWD(2020) 550 final, 14 Deireadh Fómhair 2021. Mar gheall ar an ngá atá le hinfheistíocht in athchóiriú ag EUR 275 billiún in aghaidh na bliana, dá dtagraítear sa Teachtaireacht, agus an cumas atá ag infheistíochtaí iarfheistithe agus éifeachtúlachta fuinnimh chun 9-20 post a chruthú in aghaidh gach milliún dollar a infheistíodh (SWD(2021) 623 final), d'fhéadfadh an figiúr a bheith i bhfad níos airde.

chur chun cinn, dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus neamhionannais shocheacnamaíocha, réigiúnacha agus sláinte, sláinte agus folláine a fheabhsú, agus comhionannas a chur chun cinn, go ginearálta agus le haghaidh daoine atá faoi mhíbhuntáiste freisin.

Chun acmhainneacht fostaíochta agus shóisialta an aistrithe ghlais a bhaint amach go hiomlán, tá sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil agus na beartais tionlacain cearta a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Os a choinne sin, in éagmais na mbeartas fostaíochta agus sóisialta atá dea-cheaptha a bheith ag gabháil leis sin, tá rioscaí socheacnamaíocha ann. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach, do na húdaráis fhreagracha na beartais iomchuí a bhunú, agus déanamh amhlaidh gan an bonn a bhaint de na dreasachtaí le haghaidh na n-athruithe ar infheistíocht agus ar thomhaltas a cheanglaítear leis an aistriú. Rud tábhachtach, ba cheart go mbeadh bearta ag gabháil leis na sásraí sin chun rialachas cuimsitheach agus rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh a áirithiú.

Cé go bhfuil an iliomad gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit agus á n-ullmhú acu chun aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a chur chun cinn, tá scóip ann tuilleadh feabhais a chur ar dhearadh na mbeartas lena dtacaítear le haistriú cothrom glas agus a áirithiú go mbeidh comhleanúnachas ann sna hiarrachtaí idir na huirlisí éagsúla atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta (féach an chéad chuid eile). Dá bhrí sin, d'fhógair an Coimisiún mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' togra le haghaidh Moladh ón gComhairle faoi dheireadh 2021 chun tuilleadh treorach a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sóisialta agus saothair den aistriú glas. I gcomhthreo le beart a dhéanamh maidir le Comhaontú Glas na hEorpa, tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar fhorbairtí gearrthéarmacha sna margaí fuinnimh arb iad forbairtí sa mhargadh domhanda is mó is cúis leo agus, an 13 Deireadh Fómhair 2021, chuir sé Teachtaireacht i láthair maidir le 'Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta' ina leagtar amach bearta láithreacha chun tomhaltóirí agus gnólachtaí a chosaint[11]. Ina theannta sin, tagraíodh don togra seo atá le teacht sa Teachtaireacht sin mar chreat beartais chun tacú le haistriú glas cothrom sa mheántréimhse agus teacht aniar a chothú in aon fhorbairt praghais amach anseo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana i réimse beartais na fostaíochta, na scileanna, na ngnéithe sóisialta agus dáileacháin den aistriú glas**

I gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin 2019-2024[12], leagtar béim le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar an ngá, mar chuid de 'leabhar rialacha sóisialta' nua, cearta sóisialta agus an ghné shóisialta Eorpach a neartú ar fud bheartais uile an Aontais mar atá cumhdaithe sna Conarthaí, go háirithe Airteagal 3 CAE agus Airteagal 9 CFAE, chun bogadh i dtreo deich mbliana níos glaise agus níos digití ina mbeidh rath ar mhuintir na hEorpa. Dá réir sin, foráiltear le Margadh Glas na hEorpa go ndéanfar an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais, go háirithe tríd an maoiniú glas agus an infheistíocht ghlas a shaothrú agus trí aistriú cothrom a áirithiú.

[11] COM/2021/660 final.
[12] 'I dtreo Aontas a fhéachann le níos mó a bhaint amach: Mo Chlár Oibre don Eoraip' – Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2019-2024, 16.07.2019, Uachtarán von der Leyen.

Leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE)[13], tugadh chun suntais gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit gníomhú le chéile chun téarnamh atá dinimiciúil, cuimsitheach agus saibhir ó thaobh post de a chur chun cinn agus chun an t-aistriú glas agus digiteach a éascú i margadh saothair na hEorpa. Leis na treoirlínte do 2020 maidir le beartais fostaíochta na mBallstát[14], luadh gur cheart bearta a chomhcheangal le gníomhaíocht beartais chun dlús a chur leis an éileamh ar shaothar, soláthar saothair a mhéadú, rochtain ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar inniúlachtaí a fheabhsú, agus feidhmiú mhargaí an tsaothair agus éifeachtacht an idirphlé shóisialta a fheabhsú, agus a dtionchar comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta á gcur san áireamh ag an am céanna. Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht atá beartaithe, cuireadh i dtábhacht gur príomhthosaíocht é infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus in athsciliú chun téarnamh cuimsitheach a chothú agus chun tacú leis na haistrithe digiteacha agus glasa[15]. Iarrtar ar na Ballstáit, *inter alia*, tacaíocht a thabhairt isteach maidir le hath-leithdháileadh an lucht saothair, mar shampla trí dhreasachtaí fruilithe agus oiliúint atá dea-cheaptha, go háirithe i dtreo an gheilleagair ghlais agus dhigitigh, agus oibrithe a chosaint le linn an aistrithe ag an am céanna. Tá an méid sin i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle roimhe seo, amhail an Ráthaíocht don Aos Óg a atreisiú[16], agus an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint (VET) ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht[17].

Faoi chuimsiú an Rialacháin maidir leis an Aontas Fuinnimh agus an Rialachais maidir le Gníomhaíocht Aeráide[18], dréachtaíonn na Ballstáit pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna), lena gcumhdaítear tréimhsí deich mbliana, agus an pheirspictíocht fhadtéarmach á cur san áireamh, mar aon leis na cúig ghné den Aontas Fuinnimh, i.e. slándáil fuinnimh; an margadh inmheánach fuinnimh; éifeachtúlacht fuinnimh; an dícharbónú; taighde, nuálaíocht agus iomaíochas. Tabharfar na NECPanna sin cothrom le dáta cúig bliana tar éis na NECPanna a chur isteach den chéad uair agus gach deich mbliana ina dhiaidh sin. De bhun Airteagal 3(3)(d) de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhaíocht Aeráide, i gcás ina bhfionnann Ballstát go bhfuil líon suntasach teaghlach aige atá i mbochtaineacht fuinnimh, áireoidh sé ina phlean cuspóir táscach náisiúnta chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú mar aon le tráthchlár i dtaca le cathain is ceart na cuspóirí a bhaint amach, chomh maith le beartais agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear bearta beartais shóisialta agus cláir náisiúnta ábhartha

[13] Commission Recommendation (EU) 2021/402 of 4 March 2021 on an effective active support to employment following the COVID-19 crisis [Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE)] (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

[14] Council Decision (EU) 2020/1512 of 13 October 2020 [Cinneadh (AE) 2020/1512 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020] (IO L 344, 19.10.2020, lch. 22).

[15] COM (2021) 743 final, Proposal for a Joint Employment Report 2022 [COM (2021) 743 final, Togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta 2022.]

[16] Council Recommendation of 30 October 372 on A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee and replacing the Council Recommendation of 22 April 2013 on establishing a Youth Guarantee [Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc chuig Poist – An Ráthaíocht don Aos Óg a Neartú a ghabhann ionad ar Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú] (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1)

[17] Council Recommendation of 24 November 2020 on vocational education and training (VET) for sustainable competitiveness, social fairness and resilience [Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 leis an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).

[18] IO L 328, 21.12.2018, lch. 1

eile[19]. Cé go bhfuil tionscnaimh nithiúla forbartha ag roinnt Ballstát atá dírithe ar dhul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus/nó tacaíocht a thabhairt do thomhaltóirí leochaileach, tionscnaimh ar féidir leo aghaidh[20] a thabhairt freisin ar na héifeachtaí dáileacháin a d'fhéadfadh a bheith[21] ag beartais aeráide, thángthas ar an gconclúid leis an measúnú a rinne an Coimisiún in 2020 ar na NECPanna deiridh '*gur gá do thromlach mór na mBallstát straitéisí agus cuspóirí níos soiléire a fhorbairt i gcónaí trí chur chuige trasearnálach chun iarmhairtí sóisialta, fostaíochta agus scileanna agus tionchair dáileacháin eile an aistrithe fuinnimh a shainaithint agus a thomhas agus aird chuí a thabhairt ar conas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin'*.

Faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna[22], lena gcumhdaítear *inter alia* Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Idirthréimhseach (JTF), tá coinne leis go gcuirfidh na Ballstáit inneachar a gcuid NECPanna comhtháite agus moltaí an Choimisiúin maidir leis na pleananna sin san áireamh, dá gcláir, lena n-áirítear le linn an athbhreithnithe mheántéarma. Leis pleananna críochacha um aistriú cóir (TJTPanna) faoi JTF, ba cheart díriú ar dhul i ngleic le tionchar socheacnamaíoch an aistrithe i gcríocha áirithe a bhíonn ag brath ar bhreoslaí iontaise nó ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha atá dian ar ghás ceaptha teasa agus ba cheart roinn ghinearálta a áireamh iontu maidir leis an bpróiseas aistrithe náisiúnta bunaithe ar NECPanna. Bunaíodh an tArdán Cóir don Aistriú chun tacú leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile acmhainní an tSásra um Aistriú Cóir a úsáid. Chomh maith leis an gCiste um Aistriú Cóir (colún 1), tá scéim thiomnaithe ann faoi Invest EU (colún 2) agus saoráid iasachta ón earnáil phoiblí (colún 3).

Le trí cholún as na sé cholún lena leagtar amach raon feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena ndírítear ar ghnéithe sóisialta, leagtar amach leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) líon suntasach athchóirithe agus infheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe an aistrithe chóir i dtéarmaí athchóirithe agus infheistíochtaí araon. Cuirfear na pleananna náisiúnta agus na cláir oibríochta chun feidhme laistigh den tréimhse maoinithe reatha. Cé go ndeartar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun go mbeidh tionchar fadtéarmach acu, mar gheall ar an tréimhse theoranta sin, ní dhéantar foráil leo maidir le cur chuige cuimsitheach i dtaca le haistriú cothrom ar an leibhéal náisiúnta tar éis 2027, go háirithe ag féachaint do spriocanna aeráide an Aontais.

Tacaíonn na foinsí cistiúcháin eile atá ar fáil le tuilleadh gníomhaíochtaí comhlántacha sa réimse seo, lena n-áirítear ERASMUS+, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le haghaidh Oibrithe Easáitithe (EGF), an Cúnamh Aisghabhála don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), an Ciste don Nuachóiriú agus ioncaim cheantála faoi

[19] Chomh maith leis sin, le togra athmhúnlaithe EED Airt. 8 (4), iarrtar ar na Ballstáit faisnéis a chur san áireamh maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus coigiltis fuinnimh don úsáid deiridh a bhaintear amach i measc daoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, custaiméirí leochaileacha agus, i gcás inarb infheidhme, daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta.

[20] Eurofound (2021), 'Tionchar dáileacháin beartas aeráide san Eoraip', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

[21] COM/2020/564 final.

[22] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS), faoin gclár LIFE+ agus faoin gClár Fís Eorpach. Go háirithe, sonraítear leis an Rialachán CSE+[23] go mbeidh sé d'aidhm ag CSE+ rannchuidiú, i gcomhréir lena chuspóirí sonracha faoi Airteagal 4(1), le cuspóirí a bhaineann le hEoraip níos glaise agus ar bheagán carbóin trí fheabhas a chur ar na córais oideachais agus oiliúna is gá chun scileanna agus cáilíochtaí a oiriúnú, uas-sciliú lena n-áirítear an lucht saothair, cruthú post nua in earnálacha a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an aeráid, leis an bhfuinneamh, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar.

Cuidíonn roinnt straitéisí agus pleananna gníomhaíochta eile le haistriú glas cothrom a bhaint amach. Tá sé d'aidhm ag an gClár Oibre Eorpach Scileanna 2020[24] daoine aonair a chumasú chun foghlaim agus a áirithiú go bhfuil a gcuid scileanna oiriúnach don aistriú dúbailte. Sa Chlár Oibre Scileanna, Fógraíonn an Coimisiún sraith gníomhaíochtaí chun tacú le scileanna a shealbhú le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear maidir le cuntais foghlama aonair[25], cur chuige Eorpach i leith micri-chruthaithe[26] agus foghlaim ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil[27]. Tá sé d'aidhm ag an gComhshocrú[28] do Scileanna páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí a shlógadh chun gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun daoine ar mhargadh an tsaothair a uas-sciliú agus a athsciliú, agus, i gcás inarb ábhartha, iarrachtaí a chomhthiomsú i gcomhpháirtíochtaí. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2021, bhí cúig cinn de chomhpháirtíochtaí den sórt sin bunaithe[29], a bhí tiomanta do 1.5 milliún duine a uas-sciliú agus a athsciliú sna blianta amach romhainn. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2021, bhí níos mó ná 500 comhalta curtha le chéile ag an gComhaontú Scileanna, lena n-áirítear eagraíochtaí earnála gnó, cuideachtaí móra agus beaga, ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhpháirtithe sóisialta, comhlachais tráchtála, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha. Le Straitéis Tionsclaíochta Nua an Aontais, tacaítear le poist a chruthú sa gheilleagar glas, agus leagtar síos léi, mar shampla, na róil thábhachtacha atá ag infheistíochtaí i scileanna, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, comhar maidir le hidirphlé sóisialta a spreagadh, chomh maith le poist ghlasa a chruthú, amhail trí na comhghuaillíochtaí éagsúla ar fud na hEorpa, go háirithe maidir le cadhnraí, hidrigin ghlan, plaistigh chiorclacha, agus amhábhair. Tá sé d'aidhm ag an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí[30] tacú leis an aistriú glas chun gach tomhaltóir a chumhachtú, chun tacú leo agus chun cur ar a gcumas, beag beann ar a staid airgeadais, ról gníomhach a bheith acu san aistriú glas gan stíl mhaireachtála shonrach a fhorchur agus gan idirdhealú sóisialta a dhéanamh[31].

---

[23] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

[24] Communication from the Commission 'European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience' [Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Clár Oibre Eorpach Scileanna don iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht'] COM(2020) 274 final, 1 Iúil 2020.

[25] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair, COM(2021) 773 final, 8 Nollaig 2021.

[26] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'infhostaitheacht, COM(2021) 770 final, 8 Nollaig 2021.

[27] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, COM(2021) 557 final, 8 Nollaig 2021.

[28] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1517&langId=en .

[29] Cuimsíonn siad sin na héiceachórais thionsclaíocha seo a leanas: an earnáil uathghluaisneach; micrileictreonaic; aeraspás agus cosaint; longthógáil; fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

[30] Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí lena Neartaítear Athléimneacht tomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe', COM(2020) 696 final.

[31] Mar a fógraíodh sa Chlár Oibre Nua do Thomhaltóirí, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach chun tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an bhFís Fhadtéarmach do cheantair thuaithe[32] an Aontais ceantair thuaithe a dhéanamh níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla, agus tríd an aistriú glas freisin. Ar deireadh, leagtar amach le creat straitéiseach an Aontais um chuimsiú agus rannpháirtíocht maidir le Romaigh le haghaidh na tréimhse 2020-2030 seacht gcuspóir ar leibhéal an Aontais le haghaidh na tréimhse go dtí 2030, lena n-áirítear rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht imscartha leormhaith agus ar sheirbhísí riachtanacha a mhéadú[33].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an chothroime shóisialta mar chuid de dhearadh na dtograí reachtacha sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Go háirithe, leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[34], tá deiseanna ann teaghlaigh leochaileacha a dhíolmhú go sealadach ó chánacha fuinnimh níos airde. Na hathmhúnluithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[35] agus ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, agus an t-athbhreithniú atá beartaithe[36] ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, spreagann siad coigilteas fuinnimh is féidir a bheith ina[37] n-ionstraimí láidre chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú. Thairis sin, áiritheofar le cur i bhfeidhm 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' go mbainfidh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch tairbhe as réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a bheith á meas mar an chéad rogha i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta agus i réimsí beartais eile. Ina theannta sin, áirítear leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh oibleagáid shonrach ar na Ballstáit tacú le teaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus le teaghlaigh leochaileacha coigilteas fuinnimh a bhaint amach. Leis an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha atá beartaithe[38], áiritheofar go sroichfidh bonneagair luchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha gach cuid den Eoraip agus go mbeidh rochtain ag cách orthu.

Ina theannta sin, cé go mbeidh ar gach Ballstát rannchuidiú leis an sprioc méadaithe le haghaidh laghdú astaíochtaí, cuirtear túsphointí éagsúla agus acmhainneachtaí éagsúla san

---

[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and rich areas under 2040' [Fís fhadtéarmach do Limistéir Thuaithe an Aontais Eorpaigh – I dtreo ceantair thuaithe atá níos láidre, nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2021], COM(2021)345 final.

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'EU Roma strategic framework for equality inclusion and participation for 2020-2030' ['Creat straitéiseach an Aontais um chuimsiú agus rannpháirtíocht maidir le Romaigh le haghaidh 2020-2030'], COM(2020) 620 final.

[34] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú), COM(2021) 563 final.

[35] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), COM(2021) 558 final.

[36] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 an 30 Bealtaine 2018), COM(2021) XXX final.

[37] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa Agus Ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, COM(2021) 557 final.

[38] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM(2021) 559 final.

áireamh. Dírítear le hionstraimí amhail an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[39] ar dháileadh cothrom na n-iarrachtaí idir na Ballstáit, chun dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus na réigiúin a áirithiú. Leis an gCiste don Nuachóiriú[40], tugtar tacaíocht do dheich gcinn de Bhallstáit an Aontais a bhfuil ioncam níos ísle acu agus iad ag aistriú chuig neodracht aeráide trí chuidiú lena gcórais fuinnimh a nuachóiriú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Tá an Ciste um Aistriú Cóir[41] chun deartha chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta agus eacnamaíocha an aistrithe ghlais, é ag díriú ar na réigiúin, ar na tionscail agus ar na hoibrithe a bhfuil na dúshláin is mó rompu le linn an aistrithe.

Cabhróidh an Ciste don Aeráid Shóisialta atá beartaithe an tionchar ar theaghlaigh leochaileacha, ar úsáideoirí iompair agus ar mhicrifhiontair a mhaolú a ndéanann an méadú ar phraghsanna breoslaí iontaise difear suntasach dóibh de thoradh thabhairt isteach na trádála astaíochtaí le haghaidh breoslaí a úsáidtear i bhfoirgnimh agus in iompar de bhóthar. Cuirfidh sé an chothroime agus an dlúthpháirtíocht chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus an riosca maidir le bochtaineacht fuinnimh agus dúshláin iompair á maolú ag an am céanna, rud a chomhlánóidh na sásraí atá ann cheana. Tacóidh an Ciste le teaghlaigh agus iad ag infheistiú in éifeachtúlacht fuinnimh agus i dtéamh glan agus i bhfuarú foirgneamh, lena n-áirítear comhtháthú an fhuinnimh inathnuaite, agus tabharfar maoiniú freisin do rochtain ar shoghluaisteacht astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. I gcás inar gá, go dtí go mbeidh tionchar ag na hinfheistíochtaí ar laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí grúpaí leochaileacha agus ar bhillí fuinnimh grúpaí leochaileacha, cuirfear ar chumas na mBallstát, leis an gCiste, bearta a mhaoiniú lena gcuirfear tacaíocht ioncaim dhírigh shealadach ar fáil do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí leochaileacha iompair iad chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar láithreach a bheidh ag an méadú ar phraghas na mbreoslaí iontaise de thoradh foirgnimh agus iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE.

Ina theannta sin, mar a leagtar amach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an bplean um Sprioc Aeráide 2030 agus i gcuid de thionscnaimh an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, is féidir leis na Ballstáit úsáid bhreise a bhaint as an ioncam a ghintear ó lamháltais, tobhaigh agus cánacha an Aontais faoi EU ETS ar phraghsanna fuinnimh a chur ar ceant, agus ó chánacha comhshaoil chun tacú le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

---

[39] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, COM(2021) 555 final.

[40] Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3)

[41] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Beidh an togra bunaithe ar Airteagal 292 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 149 CFAE agus le hAirteagal 166 CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Dearfaidh agus roghnóidh na Ballstáit na bearta agus na hinfheistíochtaí chun aistriú cothrom chuig neodracht aeráide a áirithiú, lena n-áirítear bearta tiomnaithe is féidir leo a mholadh faoin maoiniú, faoi na hionstraimí beartais agus faoi na sásraí rialachais atá ann cheana.

- **Comhréireacht**

Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun aistriú glas gasta láidir a bhaint amach lena mbainfear amach na spriocanna ceangailteacha a glacadh i nDlí Aeráide na hEorpa agus gan aon duine a fhágáil ar lár, i gcomhréir le Margadh Glas na hEorpa, Clár Oibre Straitéiseach 2019-24 ó Pharlaimint na hEorpa[42], Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa maidir le 'Eoraip shóisialta láidir le haghaidh aistrithe córa', Tuarascáil ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[43] maidir le 'Gan Margadh Glas gan mhargadh sóisialta', agus an Tuairim ó Choiste an Réigiúin maidir le 'Eoraip Sholáidir Shóisialta do Theangacha Cóir'[44]. Éilítear leis sin freisin go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin shóisialta agus saothair a eascraíonn as an aistriú glas ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtúil ar fud na mBallstát uile.

De réir an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar fud an Aontais ar na pleananna náisiúnta comhtháite deiridh don fhuinneamh agus don aeráid a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2020[45], tá gá le hiarrachtaí breise chun aistriú chuig fuinneamh glan agus cothrom a áirithiú sna réigiúin is mó atá buailte. Dealraíonn sé go bhfuil treoir do na Ballstáit riachtanach agus comhréireach i bhfianaise scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe.

Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar na Ballstáit a sheachaint, déanfar faireachán ar chur chun feidhme na treorach beartais dá bhforáiltear sa Mholadh seo trí phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus trí phróisis eile atá ann cheana, go háirithe Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide, de réir mar is cuí.

- **An rogha ionstraime**

Is togra le haghaidh Moladh ón gComhairle an ionstraim atá beartaithe, lena n-urramaítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cuireann sé le corpas dhlí an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus tá sé i gcomhréir leis na cineálacha ionstraimí atá ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimsí na fostaíochta agus an bheartais shóisialta. Leagtar síos leis bearta atá le meas ag na Ballstáit agus cuireann sé bonn láidir ar fáil le haghaidh comhair ar leibhéal an Aontais Eorpaigh sa réimse seo, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlacht na mBallstát sna réimsí ábhartha beartais.

---

[42] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 maidir le hEoraip shóisialta láidir le hAghaidh Aistrithe Córa, (2020/2084(INI)).

[43] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le 'Ní bheidh aon Chomhaontú Glas gan comhaontú sóisialta' (tuairim féintionscnaimh), CESE 2020/01591 (IO C 341, 24.8.2021, lch. 23).

[44] Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Eoraip Shóisialta láidir le haghaidh Aistrithe Córa, COR 2020/02167 (IO C 440, 18.12.2020, lch. 42).

[45] COM/2020/564 final.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug seirbhísí an Choimisiúin faoi roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin ginearálta agus spriocdhírithe cheana féin maidir leis an aistriú glas, lena n-áirítear na gnéithe sóisialta agus saothair, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

- Comhairliúcháin spriocdhírithe, chomh maith le comhairliúcháin phoiblí ar líne mar chuid de phacáistí reachtacha 'Oiriúnach do 55' i mí Iúil 2021 agus i mí na Nollag 2021 (e.g. Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, agus cinn eile);
- Cruinnithe déthaobhacha/iltaobhacha páirtithe leasmhara, lena n-áirítear breis agus 50 cruinniú maidir leis an athbhreithniú ar ETS, go háirithe i gcomhthéacs an phacáiste a glacadh an 14 Iúil 2021;
- Comhairliúchán poiblí oscailte ar líne maidir leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 (Márta - Meitheamh 2020; breis agus 1,000 freagra), tar éis comhairliúchán 4 seachtaine ar an Measúnú Tionchair Tosaigh.

Chun an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle a ullmhú, rinne an Coimisiún **comhairliúcháin agus malartuithe spriocdhírithe** i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021 leis an gCoiste Fostaíochta (EMCO), leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC), leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch (CBE), leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i réimse na mbeartas míchumais, sóisialta agus fostaíochta.

Tugadh tacaíocht leathan leis na comhairliúcháin do thionscnamh lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe sóisialta agus saothair an aistrithe, rud a chinnteodh nach bhfágfar aon duine ar lár. Go sonrach, chomhaontaigh na comhpháirtithe, ar an iomlán, go bhfuil gá le roinnt gnéithe: pacáistí beartais cuimsitheacha chun aistriú cothrom a bhaint amach, lena n-áirítear bearta le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú; úsáid mhaith a bhaint as na beartais agus na hionstraimí cistiúcháin atá ann cheana, lena seachnófaí dúbláil agus ualach riaracháin; tuiscint níos fearr ar thionchair fostaíochta agus shóisialta na mbeartas maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear éifeachtaí ar cháilíocht post, agus faireachán agus tuairisciú gaolmhar bunaithe ar 'shonraí fíorshaoil' agus táscairí ábhartha; comhionannas a phríomhshruthú, ach freisin iarrataí ar níos mó cistí agus ar fhorbairt acmhainní, go háirithe le haghaidh FBManna; comhtháthú i sásraí rialachais atá ann cheana; agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta i gceapadh agus i gcur chun feidhme an athraithe aeráide agus straitéisí cistiúcháin le haghaidh aistrithe cothroma.

Sheol an Coimisiún **Glao oscailte ar Fhianaise** freisin ón 29 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 19 Samhain 2021, tar éis dó 66 aighneacht a fháil ó réimse leathan páirtithe leasmhara: údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta, eagraíochtaí na sochaí

sibhialta i réimse na ngnóthaí sóisialta, chomh maith le heagraíochtaí aeráide agus comhshaoil agus institiúidí acadúla agus taighde.

Ar an iomlán, léirigh na freagróirí tacaíocht láidir do straitéis fhadtéarmach maidir leis an aistriú glas agus ba dhíol sásaimh dóibh an fócas ar ghnéithe fostaíochta agus sóisialta. Rud ba shonraí fós, ardaíodh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar neamhionannais, ar phoist agus ar scileanna i roinnt ranníocaíochtaí, agus ba í an achainí ghinearálta a bhí ann go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil do na Ballstáit, chomh maith le cúnamh teicniúil maidir leis na hionstraimí cistiúcháin, go háirithe cúnamh a dhíríonn ar réigiúin, ar earnálacha agus ar ghrúpaí leochaileacha. Leagadh béim freisin sna haighneachtaí ar an ngá le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh athscilithe agus uas-scilithe, i bhfothú acmhainneachta agus i mbonneagair. Bhí tacaíocht leathan ann chun an t-idirphlé sóisialta agus cómhargáil a neartú, agus roinnt freagróirí ag éileamh go mbeadh ceart faisnéise, comhairliúcháin agus comhchinnteoireachta ag oibrithe. Thairis sin, chuir formhór mór na ranníocaíochtaí béim ar an ngá atá le mapáil agus anailís ghráinneach. Luadh saincheisteanna eile in go leor ranníocaíochtaí, go háirithe bearta díreacha tacaíochta ioncaim d'oibrithe agus do theaghlaigh leochaileacha, rochtain ar sheirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear iompar, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus é sin go léir curtha in oiriúint do 'phoist ghlasa'.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bailíonn an Coimisiún Eorpach saineolas i mbeartais shóisialta, fostaíochta agus i mbeartais ghaolmhara tríd an bhFaireachán ar Staid Shóisialta (SSM)[46], i measc eagraíochtaí eile, chun eolas a chothú i réimsí an bheartais shóisialta, na cosanta sóisialta agus na fostaíochta agus, san am céanna, taighde atá ábhartha ó thaobh beartais de agus bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil maidir leis an staid shocheacnamaíoch atá san Aontas faoi láthair. Cumhdaítear ceithre phríomhréimse taighde faoi SSM: Bochtaineacht, neamh-chomhionannas ioncaim, éagothromaíochtaí sóisialta, sláinte agus folláine; fostaíochta, dífhostaíocht agus torthaí mhargadh an tsaothair; an stát leasa, beartais shóisialta agus beartais maidir leis an margadh saothair; agus an margadh saothair agus tionchair dháilte na meigibheart.

Ag teacht sna sála ar imeachtaí ar an ábhar a bhí ann roimhe seo, i mí na Samhna 2021, thionóil SSM a sheimineár bliantúil taighde, faoin teideal 'Gnéithe Sóisialta agus Saothair den Aistriú chuig Neodracht Aeráide'. Dhírigh an ócáid ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an aistriú glas ó thaobh fostaíochta, cáilíocht post, scileanna agus tionchair eile dáileacháin amhail bochtaineacht fuinnimh agus rochtain ar sheirbhísí riachtanacha.

De réir na bpríomhthorthaí a pléadh leis na saineolaithe, ar an leibhéal comhiomlán, tá an tionchar a bhfuil coinne leis dearfach ar an iomlán, agus tuartar go dtiocfaidh méadú ar an bhfostaíocht in earnálacha na coigilte fuinnimh, na tógála agus an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear i gcás oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe meánoilte. I gcontrárthacht leis sin, tá coinn ann go laghdófar fostaíocht agus pá sna tionscail thruaillitheacha atá dian ar fhuinnimh ina bhfuil sé deacair na hastaíochtaí a laghdú, rud a léiríonn an gá atá le hinfheistíocht sa dúshlán ollmhór uas-scilithe agus athscilithe.

I measc na n-ionstraimí beartais a shainaithin na saineolaithe chun aistriú cothrom a chothú bhí cánacha, aistrithe, fóirdheontais agus rialacháin, lena mbaineann leibhéil éagsúla cothromais agus éifeachtúlachta. D'aontaigh na saineolaithe, tríd is tríd, ar a thábhachtaí atá

46 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=1049

sé fritháireamh a dhéanamh, trí aistrithe agus fóirdheontais, ar éifeachtaí áirithe aischéimnitheacha nó díréireacha, go háirithe i gcás teaghlaigh ísealioncaim agus teaghlaigh íseal-mheánioncaim, chun glacadh sóisialta na mbeart sin a chothú agus a chosaint freisin.

Chomh maith leis sin, shainaithin an seimineár réimsí a bhainfeadh tairbhe as tuilleadh taighde, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (a) an ghné gheospásúil a bhaineann le fostaíocht, éifeachtaí sóisialta agus dáileacháin na gníomhaíochta ar son na haeráide, lena n-áirítear trí ionsamhlúcháin bhreise lena gcumhdaítear gach tír san Aontas agus meastachán ar thionchair de réir an limistéir agus an mhéid uirbithe; (b) macramhúnlaí agus micreamhúnlaí a chomhtháthú, lena n-áirítear samhaltú níos mionsonraithe ar aistrithe sa mhargadh saothair, go háirithe trasna earnálacha, agus na riachtanais infheistíochta sóisialta lena mbaineann chun tacú le hathoiliúint, athoiliúint agus uasoiliúint; (c) samhlacha buiséid le haghaidh dáileadh ioncaim agus teaghlaigh a chomhtháthú sna macramhodlaí foluiteacha; agus (d) táscairí a fhorbairt maidir le 'gné ghlas' tascanna, post agus scileanna.

- **Measúnú tionchair**

Leis an ionstraim atá beartaithe – Moladh ón gComhairle – tugtar treoir maidir le beartais shóisialta, fostaíochta agus beartais ghaolmhara a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Mar sin féin, ós rud é go gcuirtear treoir sholúbtha ar fáil do na Ballstáit maidir le rogha agus dearadh na mbeart, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

Leis an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an doiciméad seo, tugtar forléargas agus plé ar an bhfianaise atá ar fáil atá mar bhonn agus mar thaca leis na hidirghabhálacha beartais atá molta, ag tógáil ar na hanailísí a chuirtear i láthair i dtuarascálacha ábhartha ar mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir leis an bPlean don Aeráid do 2030 agus le tionscnaimh an phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Comhtháthaítear leis fianaise nua ó anailísí breise arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear nuashonruithe ar tháscairí maidir le bochtaineacht fuinnimh de réir grúpa ioncaim le haghaidh na mBallstát sin a bhfuil sonraí 2020 ina leith ar fáil cheana féin i mbunachar sonraí EU-SILC. Ar deireadh, baineann sé tairbhe as an aiseolas a fuarthas le linn comhairliúcháin spriocdhírithe i bhfómhar 2021, nuair a chuaigh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil leis na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear daoine óga, agus le saineolaithe i réimse na hanailíse ar mhargadh an tsaothair, an bheartais shóisialta agus an aistrithe chóir.

Baineann cuid de na píosaí fianaise is ábhartha leis na gnéithe beartais seo a leanas:

Léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbraitheann acmhainneacht an aistrithe maidir le poist a chruthú ar an tacaíocht ghníomhach a thugtar d'aistrithe an mhargaidh saothair agus do chruthú post araon, agus ar chumas na n-oibrithe scileanna a fháil atá oiriúnaithe don mhargadh saothair agus do thírdhreach tionsclaíoch a mbeidh poist ghlasa agus próisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don aeráid mar shaintréith acu.

Fianaise samhaltaithe a sholáthar don chumas ioncam cánach a aistriú ón saothar chuig giniúint ioncaim a bhaineann leis an aeráid, chun inmheánú a dhéanamh ar na seachtrachtaí diúltacha comhshaoil tríd an bprionsabal gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur chun cinn agus torthaí an mhargaidh saothair a fheabhsú agus, ag an am céanna, an neamhchosaint ar ghuaiseacha comhshaoil a ísliú, go háirithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí, chomh maith leis an gcumas éifeachtaí díobhálacha dáileacháin a mhaolú trí bhearta spriocdhírithe lena n-aistrítear aisioncaim ó chánacha fuinnimh agus ó phraghsáil carbóin chuig na teaghlaigh is mó atá thíos leis, go háirithe na teaghlaigh sin atá leochaileach.

Agus béim á leagan aici ar an gcaoi a bhféadfar aistriú cothrom cuimsitheach fuinnimh a áirithiú le hinfheistíochtaí tiomnaithe in éifeachtúlacht fuinnimh, i ndícharbónú téimh, fuaraithe agus iompair, i rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear réitigh mhalartacha inbhuanaithe soghluaisteachta, agus feasacht a ardú, arna gcomhlánú nuair is gá le tacaíocht ioncaim dhírigh shealadach agus spriocdhírithe le haghaidh tomhaltóirí agus teaghlaigh leochaileacha, agus béim á leagan ar na daoine agus na teaghlaigh is mó a ndéantar difear dóibh, go háirithe iad siúd is leochailí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Níor sainaithníodh aon tionchar diúltach ar chearta bunúsacha. Os a choinne sin, cuirtear chun cinn leis an tionscnamh cearta a chumhdaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na teidil um Chomhionannas agus um Dhlúthpháirtíocht, amhail an ceart chun dálaí oibre cothroma (Airteagal 31), an ceart chun oideachais (Airteagal 14), agus an teidlíocht ar shlándáil shóisialta agus ar chúnamh sóisialta (Airteagal 34), ina dtagraítear do shochair slándála sóisialta agus seirbhísí sóisialta lena soláthraítear cosaint i gcásanna áirithe, chomh maith leis an gceart chun cúnaimh shóisialta agus tithíochta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an togra seo le haghaidh Moladh, ní éilítear acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais.

Tá deiseanna cistiúcháin faoi bhuiséad an Aontais a bhaineann leis an aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide ar fáil cheana féin i gcomhréir le beartas cuspóirí agus loighic idirghabhála na gcistí agus na gclár éagsúil[47].

Áirítear leis an Moladh treoir a thagraíonn do bhuiséid náisiúnta agus an ról a d'fhéadfadh a bheith acu i gcur chun feidhme an Mholta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Mholta seo ón gComhairle i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Thairis sin, tá sé beartaithe go gcuirfidh na Ballstáit an Moladh seo ón gComhairle san áireamh i dtabhairt cothrom le dáta a bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide (NECPanna) in 2023 (i gcás dréachtaí NECPanna) agus 2024 (le haghaidh na NECPanna deiridh) de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhaíochta Aeráide ('Rialachán an Rialachais') agus ina dtuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus aeráid de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Go háirithe, ba cheart an Moladh a bheith ina bhonn do phríomhshruthú gnéithe aistrithe córa trasna na mbeart agus na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi gach

[47] Tá cur síos níos mionsonraithe sa Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD(2021) 452) a ghabhann leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann le forbhreathnú ar ionstraimí cistiúcháin ábhartha agus ar na hidirnaisc a ghabhann leo, mar aon leis an ról atá acu maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí a dhéantar faoin togra seo.

ceann de na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Rialachán Rialachais. Ina theannta sin, ba cheart an Moladh a bheith mar bhonn do ghníomhaíochtaí agus do bhearta sonracha náisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht, ar scileanna, ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar ghnéithe sóisialta agus dáileacháin eile den mhargadh inmheánach fuinnimh, i gcás ina roghnaíonn na Ballstáit gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin tacú leo, go háirithe iad siúd ag a bhfuil líon suntasach teaghlach atá i mbochtaineacht fuinnimh, chun breac-chuntas a thabhairt ar bheartais agus ar bhearta leordhóthanacha lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist ina NECPanna comhtháite i gcomhréir le hAirteagal 3(3ú), lena n-áirítear bearta beartais shóisialta agus cláir agus beartais náisiúnta ábhartha eile.

Trí bhíthin an tsásra um fhaireachas iltaobhach agus na sásraí rialachais atá i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún anailís ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an aistriú, sainaithneoidh sé na daoine is mó a ndéantar difear dóibh agus tabharfaidh sé aghaidh, i gcás inarb iomchuí, ar mholtaí a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ar bhonn na dtreoirlínte le haghaidh beartais fostaíochta agus shóisialta na mBallstát.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Léiríonn § 1 go 2 ábhar, cuspóirí agus struchtúr an Mholta seo.

In § 3 tá sainmhínithe atá le cur i bhfeidhm chun críche an Mholta.

Molann § 4 go 7 do na Ballstáit pacáistí beartais cuimsitheacha agus comhleanúnacha a bhunú agus a chur chun feidhme le haghaidh aistriú glas cothrom d'fhonn tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fhostaíocht ar ardcháilíochta; Rochtain ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a áirithiú; foráil a dhéanamh do chórais chothroma sochar cánach agus cosanta sóisialta; rochtain ar sheirbhísí riachtanacha inacmhainne agus ar thithíocht a áirithiú mar chuid den aistriú i dtreo neodracht aeráide.

Le § 8 go 9 moltar do na Ballstáit gnéithe leathana eile a bhunú agus a chur chun feidhme lena gcuirfear aistriú glas cothrom agus cuimsitheach chun cinn, go háirithe d'fhonn cur chuige cuimsitheach iomlán geilleagair a áirithiú, agus lena bhforálfar do bhonn láidir fianaise a bhfuil gá leis chun beartais fhónta maidir le margadh an tsaothair agus sóisialta a chur chun cinn lena gcuirfear aistriú cothrom cuimsitheach chun cinn.

Le § 10 moltar do na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as maoiniú poiblí agus príobháideach d'fhonn tacaíocht airgeadais éifeachtach a chur ar fáil, go háirithe trí acmhainní leordhóthanacha náisiúnta a ghealladh agus a úsáid; meascán leordhóthanach beart a cheapadh sna pleananna náisiúnta faoin gCiste Sóisialta don Aeráid atá beartaithe; agus a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as cistiú atá nasctha leis an aistriú cothrom ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais.

De réir § 11 is díol sásaimh é go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gníomhaíochtaí leantacha a dhéanamh i ndáil leis an Moladh ón gComhairle, go háirithe d'fhonn díospóireacht phoiblí a chur chun cinn maidir leis an aistriú cothrom, feabhas a chur ar na sonraí agus ar an mbonn modheolaíochta, faireachán agus anailís fadbhreathnaitheach a dhéanamh, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Mholta seo i

gcomhthéacs an fhaireachais iltaobhaigh, go háirithe sa Seimeastar Eorpach agus i gcomhthéacs an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

2021/0421 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 166(4) agus Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 149 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá géarghá ann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, go háirithe chun ardú ar leibhéal na mara agus dóchúlacht imeachtaí aimsire foircneacha a dhéanann difear do gach réigiún ar fud an domhain cheana féin a laghdú[48] agus chun na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann le héifeachtaí an téite domhanda a laghdú[49]. Is Páirtithe i gComhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i Nollaig 2015 (‘Comhaontú Pháras’)[50], iad an tAontas agus a Bhallstáit, ar Comhaontú é lena gcuirtear de cheangal ar a Pháirtithe an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú do 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

(2) Tá an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ina mbagairtí tromchúiseacha lena n-éilítear beart práinneach a ghlacadh, mar a athdhearbhaíodh le déanaí leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an mBunús Eolaíochta Fisicí. Is ag éirí níos coitianta atá fulaingt an duine agus caillteanais eacnamaíocha a eascraíonn as imeachtaí foircneacha níos minice a bhaineann leis an aeráid, amhail tuilte, tonnta teasa, triomaigh agus dóiteán foraoise. San Aontas, is ionann na caillteanais sin cheana féin agus breis agus EUR 12 bhilliún in aghaidh na bliana[51]. D’fhéadfadh méadú EUR 175 bhilliún (1,38 % de OTI AE) sa bhreis in aghaidh na bliana teacht ar na caillteanais sin má mhéadaíonn an teocht 3 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Is é sin 3 °C i gcomparáid le EUR 65 bhilliún i gcás 2 °C agus EUR 36 bhilliún in aghaidh na bliana i gcás 1,5 °C. Dhéanfadh sé sin

[48] An Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC), 2021: *Climate Change 2021: The Physical Science Basis. Contribution of Working Group I to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change* [Athrú Aeráide 2021: An Bunús Eolaíochta Fisicí, Ábhar a chuir Meitheal I ar fáil don Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide].

[49] JRC, PESETA IV, https://ec.europa.eu/jrc/en/peseta-iv/economic-impacts .

[50] Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

[51] An Coimisiún Eorpach (2021), staidéar PESETA IV, ‘*Climate change impacts and adaptation in Europe*’ [Tionchair an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide san Eoraip], an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Sevilla, http://ec.europa.eu/jrc/en/peseta-iv .

dochar díréireach do ghrúpaí áirithe, go háirithe daoine atá i gcásanna leochaileacha cheana féin agus réigiúin a bhfuil dúshláin rompu cheana féin.

(3) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip[52] leagtar amach an straitéis chun go mbeidh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach agus chun sochaí níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos rathúla a dhéanamh den Aontas Eorpach, ar shochaí é ina ndéanfaí teorainneacha an phláinéid a urramú. Is cuid lárnach den Chomhaontú Glas é an gá le haistriú cóir, ar Comhaontú é inar cuireadh i dtábhacht nár cheart aon duine nó aon áit a fhágáil ar lár. Leagtar amach leis an Dlí Aeráide Eorpach[53] cuspóir ceangailteach uile-Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050, mar aon le sprioc idirmheánach cheangailteach chun laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, i gcomparáid le leibhéil 1990, a bhaint amach faoi 2030. Tá sé mar aidhm ag an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol go dtí 2030[54] caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol.

(4) Ceanglaítear leis an aistriú go geilleagar agus sochaí aeráidneodrach gníomh beartais cuimsitheach agus infheistíocht shuntasach i roinnt réimsí, amhail gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh, comhshaol, tionscal, taighde agus nuálaíocht[55]. Chun an sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach, chuir an Coimisiún an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[56] i láthair an 14 Iúil 2021. Áirítear sa phacáiste sin tograí maidir le reachtaíocht ábhartha a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS)[57], na treoracha maidir le cánachas fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite, an Rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, an Rialachán maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh, an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, agus an Rialachán maidir le comhroinnt díchill i ndáil le hearnálacha lasmuigh de ETS, eadhon earnáil an iompair agus earnáil na tógála. Áirítear ann freisin tograí reachtacha nua, go háirithe chun tacú le breoslaí níos glaine a úsáid in earnálacha na heitlíochta agus an iompair muirí, mar aon le Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a thabhairt isteach agus Ciste Sóisialta nua ar son na hAeráide a bhunú, a bhfuil baint dhíreach aige leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh breoslaí a úsáidtear i bhfoirgnimh agus in iompar de bhóthar atá beartaithe a thabhairt isteach. I dteannta leis na bearta a ghlactar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'An Comhaontú Glas don Eoraip', COM(2019) 640 final.

[53] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[54] Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030, COM(2020) 652 final.

[55] Maidir le bonneagar mar shampla, meastar go dteastóidh EUR 350 billiún in infheistíocht bhreise in aghaidh na bliana ón Eoraip sna deich mbliana atá romhainn chun a sprioc le haghaidh 2030 maidir le laghdú astaíochtaí a bhaint amach i gcás córais fuinnimh astu féin, de bhreis ar EUR 130 billiún a bheidh ag teastáil le haghaidh spriocanna comhshaoil eile.

[56] Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*"Fit for 55": delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality*' ['Oiriúnach do 55': Sprioc Aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta], COM(2021) 550 final.

[57] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757, COM(2021) 551 final.

chun tacú leis na hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha is gá agus chun iad a dhreasú, cuideoidh an pacáiste 'Oiriúnach do 55' le tacú le fás margaí nua agus le dlús a chur lena bhfás, mar shampla margaí le haghaidh breoslaí glana agus feithiclí astaíochtaí ísle, agus laghdófar leis sin costais an aistrithe inbhuanaithe le haghaidh gnólachtaí agus saoránach araon.

(5) Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit i gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí 2019-2024 go n-áiritheofar aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta, aistriú a bheidh cuimsitheach agus nach bhfágfaidh aon duine ar lár. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe formhuinithe ag na Ballstáit agus Comhaontú Pháras daingnithe acu, ina ndéantar tagairt do na dianriachtanais a bhaineann le haistriú cóir an lucht saothair agus obair chuibhiúil agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn. Le treoirlínte EIS tugtar creat beartais atá bunaithe go hidirnáisiúnta le haghaidh aistriú cóir i dtreo geilleagair agus sochaithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de do gach duine[58]. Thairis sin, d'fhormhuinigh 54 shínitheoir (tíortha agus comhpháirtithe sóisialta) Dearbhú 2018 na Siléise maidir le Dlúthpháirtíocht agus Aistriú Cóir, a glacadh ag COP-24 in Katowice, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach thar ceann an Aontais Eorpaigh[59] agus 21 Ballstát aonair. Shínigh an tAontas Eorpach agus 10 mBallstát aonair Dearbhú 2021 maidir le Tacú leis na Coinníollacha le haghaidh Aistriú Cóir go hIdirnáisiúnta, a glacadh ag COP-26 i nGlaschú, agus leis sin gheall siad go n-áireoidh siad faisnéis maidir le haistriú cóir i dTuarascálacha Trédhearcachta Dhébhliantúla i gcomhthéacs tuairisciú ar ár mbeartais agus ár mbearta chun ár Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a bhaint amach.

(6) Is prionsabail shainitheacha de bheartais an Aontais i leith aistriú glas iad an chothroime agus an dlúthpháirtíocht agus is riachtanais iad le haghaidh na tacaíochta leithne leanúnaí a fhaigheann sé ón bpobal. Cuirtear i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip gur gá don aistriú a bheith cóir agus cuimsitheach, gur gá dó tús áite a thabhairt do dhaoine agus gur gá dó aird ar leith a thabhairt ar thacú leis na réigiúin, na tionscail, na hoibrithe, na teaghlaigh agus na tomhaltóirí sin a mbeidh na dúshláin is mó rompu. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa[60] go dtabharfar na huirlisí don Eoraip féachaint le níos mó a bhaint amach maidir le cóineasú aníos, cothroime shóisialta agus rathúnas comhroinnte, tríd an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.

(7) Cuirtear i dtábhacht i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[61] go bhfuil gá le haontacht, comhordú agus dlúthpháirtíocht chun léim chun cinn i dtreo deacáid níos glaise agus níos digití ina mbeidh rath ar mhuintir na hEorpa. Moltar ann trí phríomhsprioc AE le haghaidh 2030, eadhon gur cheart 78 % ar a laghad den

[58] Sna treoirlínte sainmhínítear coincheap an aistrithe chóir agus iarrtar ar lucht ceaptha beartas agus ar chomhpháirtithe sóisialta aistriú cóir a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda.

[59] Ardrúnaíocht na Comhairle, 14545/1/18 REV1 an 26 Samhain 2018.

[60] Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*A Strong Social Europe for Just Transitions*' [Eoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa], COM(2020) 14, lena seoltar an comhairliúchán poiblí le haghaidh Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

[61] Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*The European Pillar of Social Rights Action Plan*' [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM(2021) 102 final. Maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair agus a shínigh Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ag an gCruinniú Mullaigh in Göteborg in 2017, is é uirlis threorach an Aontais é i dtreo Eoraip shóisialta láidir.

daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030[62]; gur cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta go léir a bheith ag tabhairt faoi chúrsa oiliúna gach bliain[63]; gur cheart líon na ndaoine i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh sóisialta a laghdú 15 mhilliún ar a laghad faoi 2030[64]. Ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais i nDearbhú Porto Bhealtaine 2021[65] agus do Chomhairle Eorpach mhí Meithimh 2021 na príomhspriocanna 2030 sin.

(8) Agus na beartais tionlacain chearta i bhfeidhm[66], d'fhéadfadh an t-aistriú glas thart ar 1 mhilliún post ardcháilíochta sa bhreis a chruthú go comhiomlán[67] san Aontas faoi 2030 agus 2 mhilliún a chruthú faoi 2050[68], in earnálacha amhail an tógáil, TFC nó fuinneamh inathnuaite, agus an meath fadtéarmach ar phoist mheánoiliúna de dheasca an uathoibrithe agus an digitithe á mhaolú an tráth céanna. Mar sin féin, i gcás éadóchasach, d'fhéadfaí caillteanais post agus OTI suas le 0,39 % san Aontas agus caillteanais post suas le 0.26 %[69] a thabhairt le tuiscint le tionchair an aistrithe ghlais i dtreo na haeráidneodrachta in éineacht le meascán beartas neamhleor.

(9) Beidh tionchair an aistrithe ghlais ar ghnólachtaí agus ar fhostaíocht éagsúil ag brath ar an earnáil, an ghairm bheatha, an réigiún agus an tír, agus tabharfar le tuiscint leis sin athruithe post laistigh d'earnálacha agus d'éiceachórais thionsclaíocha, mar aon le hath-leithdháiltí móra an lucht saothair ar a bhfud[70]. Chun athstruchtúrú agus coigeartú a dhéanamh sna cuideachtaí, earnálacha agus éiceachórais lena mbaineann, éilítear go ndéanfaí samhlacha nua gnó a fhorbairt agus ath-leithdháiltí móra an lucht saothair ar fud earnálacha agus réigiún. Mar shampla, tá coinne le caillteanais post i roinnt gníomhaíochtaí mianadóireachta nó i dtáirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise, agus i gcodanna den earnála mótarfheithiclí. Os a choinne sin, tá coinne le deiseanna fostaíochta nua i ngníomhaíochtaí luach-choinneála ciorclacha agus in iompar inbhuanaithe agus i dtáirgeadh fuinnimh inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cineálacha cur chuige atá gráinneach a ghlacadh, agus díriú ar na réigiúin agus an héiceachórais aonair lena mbaineann, i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta agus/nó na húdaráis áitiúla, na húdaráis réigiúnacha agus páirtithe leasmhara.

62 Chun an sprioc fhoriomlán sin a bhaint amach, ní mór don Eoraip tréaniarracht a dhéanamh an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoi leath i gcomparáid le 2019; sciar na ndaoine óga (15-29) nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) a laghdú go 9 %, agus soláthar oideachas agus cúram foirmiúil na luath-óige (ECEC) a mhéadú.

63 Go háirithe, ba cheart scileanna digiteacha bunúsacha a bheith ag 80 % ar a laghad de dhaoine idir 16-74 bliana d'aois, agus ba cheart luathfhágáil na scoile a laghdú tuilleadh agus rannpháirtíocht in oideachas meánscoile uachtaraí a mhéadú.

64 As an 15 mhilliún duine atá le tabhairt slán as an mbochtaineacht nó as an eisiamh sóisialta, ba cheart 5 mhilliún díobh a bheith ina leanaí.

65 An Chomhairle Eorpach, Dearbhú Porto, 8.5.2021.

66 Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*"Fit for 55": delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality*' ['Oiriúnach do 55': Sprioc Aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta], COM(2021) 550 final.

67 Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún, Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht '*Stepping up Europe's 2030 climate ambition - Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people*' [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030 - Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire], SWD(2020) 176 final. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar E-QUEST, ag baint úsáid as cás 'cánachais níos ísle lucht saothair ar bheagán oiliúna'.

68 An Coimisiún Eorpach. (2019), *Sustainable growth for all: choices for the future of Social Europe, Employment and Social Developments in Europe 2019* [Fás inbhuanaithe do chách: roghanna do thodhchaí na hEorpa Sóisialta, Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2019], 4 Iúil 2019. Bunaithe ar an mionanailís a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018) 773.

69 SWD(2020) 176 final.

70 SWD(2020) 176 final.

(10) Trí dheiseanna le haghaidh poist ardcháilíochta a chruthú do chách agus bearta á nglacadh chun bochtaineacht fuinnimh agus iompair a mhaolú agus a chosc, is féidir leis an aistriú glas rannchuidiú le hioncaim a ardú agus neamh-chomhionannais agus an bhochtaineacht trí chéile a laghdú[71]. Ar an gcaoi sin, is féidir leis cuidiú le dul i ngleic le neamh-chomhionannais shocheacnamaíocha agus an eisiamh sóisialta atá ann cheana, an tsláinte agus an fholláine a fheabhsú agus an comhionannas a chur chun cinn. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí áirithe sa daonra, go háirithe iad siúd atá i gcásanna leochaileacha cheana féin. Áirítear orthu siúd go háirithe teaghlaigh ísealioncaim agus teaghlaigh íseal-mheánioncaim, ar teaghlaigh iad a chaitheann sciar ard dá n-ioncam ar sheirbhísí fíor-riachtanacha amhail fuinneamh, iompar agus tithíocht, maille le micrifhiontair, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Léirítear le torthaí samhaltaithe go mbraithfidh cánacha comhshaoil a bheith forchéimnitheach nó cúlchéimnitheach go mór ar dhearadh na hionstraime, lena n-áirítear, mar shampla, an méid a bheidh laghduithe cánach ioncaim nó roghanna athchúrsála ioncaim eile spriocdhírithe ar dhaoine ag a bhfuil ioncam níos ísle[72].

(11) Is féidir le gníomhaíochtaí luach-choinneála ciorclacha (lena n-áirítear samhailtí gnó maidir le deisiúchán, athúsáid, athdhéantúsaíocht agus seirbhísíocht) rochtain inacmhainne inbhuanaithe ar earraí agus seirbhísí a chothú. Cruthaíonn siad poist agus deiseanna ag leibhéil éagsúla scileanna chomh maith, lena n-áirítear poist agus deiseanna le haghaidh ban, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí atá i gcásanna leochaileacha, agus tá fiontair shóisialta gníomhach sna réimsí sin. Trí cheannacháin nua a sheachaint, laghdaítear astaíochtaí carbóin go mór, agus tá na poist a chruthaítear i ngar do na táirge is gá a chothabháil, a athchóiriú nó a roinnt.

(12) De réir na sonraí is déanaí atá ar fáil in EU-SILC le haghaidh 2019/2020[73], bhí tionchar ag bochtaineacht fuinnimh ar thart ar 8 % de dhaonra an Aontas, i.e. breis agus 35 mhilliún duine, daoine nach raibh in ann a dtithe a théamh go leordhóthanach, agus bhí difríochtaí nach beag ann idir na Ballstáit agus idir grúpaí ioncaim[74]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Tá bochtaineacht fuinnimh, a eascraíonn as meascán d'ioncam íseal, sciar ard d'ioncam indiúscartha á chaitheamh ar fhuinneamh agus droch-éifeachtúlacht fuinnimh, ina dúshlán mór roimh an Aontas le tamall anuas. Ní ar theaghlaigh ísealioncaim amháin a mbíonn tionchar ag an gcineál bochtaineachta seo orthu, ach

---

[71] An Coimisiún Eorpach. (2019), '*Sustainable growth for all: choices for the future of Social Europe, Employment and Social Developments in Europe 2019*' [Fás inbhuanaithe do chách: roghanna do thodhchaí na hEorpa Sóisialta, Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2019], caibidil 5, 4 Iúil 2019, agus an Coimisiún Eorpach (2020), '*Leaving no one behind and striving for more: fairness and solidarity in the European social market economy*' [Gan aon duine a fhágáil ar lár agus iarracht a dhéanamh níos mó a bhaint amach: an cothroime agus an dlúthpháirtíocht i ngeilleagar sóisialta margaidh na hEorpa, Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2020], caibidil 4.2.2, 15 Meán Fómhair 2020. Sa chomhthéacs seo, tomhaistear an bhochtaineacht fhoriomlán agus úsáid á baint as an táscaire comhaontaithe le haghaidh ráta riosca na bochtaineachta, i gcomhréir le táscairí an Scórchláir Shóisialta agus an phríomhsprioc ghaolmhar le haghaidh 2030 faoi Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

[72] IEEP (2021), *Green taxation and other economic instruments: internalising environmental costs to make the polluter pay* [Cánachas comhshaoil agus ionstraimí eacnamaíocha eile: costais chomhshaoil a inmheánú chun údarú chun gurb é an truaillithe a íocfaidh as].

[73] Tá sonraí EU-SILC 2019 ar fáil le haghaidh gach Ballstát; níl sonraí 2020 ar fáil le haghaidh gach Ballstát go fóill.

[74] Thairis sin, tá suas le 6,2 % de mhuintir na hEorpa, i.e. breis agus 27 milliún duine, i riaráistí maidir lena mbillí fóntais a íoc.

bíonn tionchar aige freisin ar theaghlaigh íseal-mheánioncaim i roinnt Ballstát freisin[75]. Teaghlaigh a bhfuil riachtanais fuinnimh atá os cionn an mheáin acu, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, daoine faoi mhíchumas, agus daoine scothaosta, tá siad níos so-ghabhálach do bhochtaineacht fuinnimh[76] agus na héifeachtaí a bhíonn aici. Déanann bochtaineacht fuinnimh difear go háirithe do mhná, agus go háirithe do thuismitheoirí aonair agus mná scothaosta[77]. De bhreis ar bhochtaineacht fuinnimh, aithnítear níos mó ná riamh coincheap na bochtaineachta iompair, faoi nach mbíonn catagóirí áirithe den daonra in ann leibhéal seirbhísí iompair is gá go sóisialta agus go hábhartha a bhaint amach. Gan na bearta tionlacain cearta chun bochtaineacht fuinnimh agus iompair a mhaolú agus a chosc, is baolach go gcuirfí leo go háirithe mar gheall ar inmheánú costas astaíochtaí i bpraghasmhúnlú nó mar gheall ar chostais an oiriúnaithe i dtreo roghanna malartacha ar mó a éifeachtúlacht agus ar lú a n-astaíochtaí.

(13) Tá prionsabail na cothroime sóisialta agus na dlúthpháirtíochta fite fuaite go daingean i ndearadh creataí ábhartha aeráide, fuinnimh agus comhshaoil ar leibhéal an Aontais[78], lena n-áirítear tríd an 'bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus trí an gcomhroinnt díchill idir na Ballstáit mar aon le trí roinnt lamháltais ETS a ath-leithdháileadh chun críoch dlúthpháirtíochta, fáis agus idirnasc laistigh den Aontas agus chun críoch a n-úsáide le haghaidh an Chiste don Nuachóiriú, a rannchuidíonn le riachtanais infheistíochta mhóra na Ballstát ar ioncam íseal chun a gcuid córais fuinnimh a nuachóiriú. Thairis sin, le reachtaíocht AE maidir leis an mbeartas fuinnimh soláthraítear do na Ballstáit uirlisí chun cosaint na gcustaiméirí teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus atá leochaileach a áirithiú agus saobhadh margaidh á sheachaint[79]. Cé go gcuidíonn na huirlisí seo leis an aistriú glas a éascú, tá siad beartaithe na modhanna a sholáthar chun an chosaint is gá a sholáthar ar bhealach níos ginearálta, mar a léirítear le déanaí leis an Teachtaireacht dar teideal '*Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support*' [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh méadaitheacha: bosca uirlisí don ghníomhaíocht agus don tacaíocht][80]. Ina measc sin, trí Chiste Sóisialta ar son na hAeráide de EUR 72,2 billiún a bhunú le haghaidh na tréimhse 2025-2032, thacófaí le teaghlaigh leochaileacha, le húsáideoirí iompair agus le micrifhiontair a bheadh thíos le tabhairt isteach na trádála astaíochtaí

---

75 SWD(2019) 579 final.

76 Féach tuarascáil na ceardlainne ar 'Bhochtaineacht Fuinnimh', a eagraíodh an 9 Samhain 2016 le haghaidh an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) i bParlaimint na hEorpa.

77 Féach *Gender perspective on access to energy in the EU* [Gné na hinscne maidir leis an rochtain ar fhuinneamh san Aontas Eorpach] (europa.eu), *Gender and energy* [Inscne agus fuinneamh] | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu), GFE-Gender-Issues-Note-Session-6.2.pdf (oecd.org).

78 Déantar an chothroime shóisialta a chuimsiú freisin i ndearadh tograí ón gCoimisiún atá ina gcuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', lena n-áirítear tograí maidir leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, agus an togra chun Chiste Sóisialta ar son na hAeráide a bhunú.

79 Airteagal 5 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125); Airteagal 3 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

80 COM(2021) 660 final, 13 Deireadh Fómhair 2021.

le haghaidh breoslaí a úsáidtear in iompar de bhóthar agus i bhfoirgnimh[81]. Éascaítear leis an gCiste aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n- áirítear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha, agus sin á chomhlánú le tacaíocht shealadach ioncaim dhírigh le haghaidh teaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí iompair leochaileacha, i gcás inar gá.

(14) Tá réimse uirlisí ar fáil do na Ballstáit chun a gcuid gníomhartha le haghaidh aistriú cothrom a leagan amach agus a chomhordú. Ba cheart do Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECPanna) measúnú a dhéanamh ar líon na dteaghlach i mbochtaineacht fuinnimh agus na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí sóisialta agus críochacha an aistrithe fuinnimh[82] a leagan amach. Ba cheart a shainaithint sna Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir (TJTPanna) na críocha atá incháilithe le haghaidh tacaíocht faoin gCiste um Aistriú Cóir suas le 2027[83]. Agus iad á maoiniú ag NextGenerationEU, leagtar amach i bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas, fás cuimsitheach, comhtháthú sóisialta agus críochach, athléimneacht agus ionchais don chéad ghlúin eile a chothú, agus cuirfear na rudaí sin chun feidhme thar thréimhse suas le 2026[84].

(15) Ag cur le prionsabail agus beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go háirithe, tá scóip ann feabhas a chur ar dhearadh na mbeartas ar bhealach cuimsitheach leathan, agus comhleanúnachas na n-iarrachtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú. Ina mheasúnú ar na NECPanna deiridh[85], cé go n-aithníonn sé go soláthraítear iontu roinnt táscairí agus beartas maidir le bochtaineacht fuinnimh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach i gcónaí a sholáthraítear iontu beartú tosaíochta soiléir i leith riachtanais chistiúcháin le haghaidh aistriú cóir , ná le haghaidh athscilithe agus uas-scilithe ná le haghaidh tacú le coigeartuithe ar mhargadh an tsaothair. Ba cheart a dhíriú sna TJTPanna ar chríocha áirithe agus dá bhrí sin, ní

---

81 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta, COM(2021) 568 final.

82 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

83 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

84 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Uain na hEorpa: Deisiú agus ullmhú don chéad ghlúin eile'; Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

85 Teachtaireacht ón gCoimisiún '*An EU-wide assessment of National Energy and Climate Plans: Driving forward the green transition and promoting economic recovery through integrated energy and climate planning*' [Measúnú uile-AE ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide: An t-aistriú glas agus an téarnamh eacnamaíoch a chur chun cinn trí phleanáil chomhtháite fuinnimh agus aeráide], COM(2020) 564 final.

mheastar go leagfaí amach iontu straitéis agus beartais fhoriomlána le haghaidh aistriú cóir ar an leibhéal náisiúnta. Cé go ndeartar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn siad leo agus a gcuidíonn siad lena maoiniú chun go mbeidh tionchar fadtéarmach acu, tá TJTPanna agus RRPanna araon teoranta ó thaobh ama de. Roinnt gníomhaíochtaí le haghaidh aistriú cóir, cuirtear chun feidhme iad i gcomhthéacs cláir agus tionscnaimh eile, go háirithe cistí an Bheartais Comhtháthaithe. Is tábhachtach an ról a bheidh ag na Pleananna Aeráide Sóisialta maidir le cúnamh a thabhairt do na grúpaí ar mó an difear a dhéantar dóibh agus na grúpaí is leochailí i gcomhthéacs thabhairt isteach na trádála astaíochtaí le haghaidh breoslaí a úsáidtear in iompar de bhóthar agus i bhfoirgnimh.

(16) Le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta san Aontas faoi 2050, áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár, go háirithe na hoibrithe agus na teaghlaigh ar mó an difear a dhéanann an t-aistriú glas dóibh, agus go háirithe iad siúd atá i gcásanna leochaileacha cheana féin. Chuige sin, mar a leagtar amach sa Mholadh seo, ba cheart do na Ballstáit pacáistí beartais cuimsitheacha a chur i bhfeidhm[86], gnéithe tras-earnálacha a chuireann aistriú glas cóir chun cinn a neartú, agus an úsáid is fearr a bhaint as cistiú poiblí agus príobháideach. Ba cheart do na pacáistí beartais na daoine agus na teaghlaigh sin ar mó an difear a dhéanann an t-aistriú glas dóibh a chur san áireamh, go háirithe iad siúd a ndéanann caillteanais phost agus athruithe ar choinníollacha oibre agus/nó ceanglais nua taisc ag an obair difear dóibh, mar aon leo siúd atá faoi réir drochthionchair ar ioncaim indiúscartha, ar chaiteachas agus ar rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Mar chuid de na grúpaí ar mó an difear a ndéantar dóibh, ba cheart do phacáistí beartais aird ar leith a thabhairt ar dhaoine agus teaghlaigh atá i gcásanna leochaileacha, go háirithe na daoine is faide ón margadh saothair, mar shampla mar gheall ar a scileanna, ar choinníollacha mhargadh an tsaothair chríochaigh, nó ar shaintréithe eile, amhail gnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, ach níor cheart do na pacáistí beartais na daoine agus na teaghlaigh sin amháin a chur san áireamh. Thairis sin, d'fhéadfaí a áireamh ar na daoine agus na teaghlaigh i gcásanna leochaileacha iad siúd atá ina gcónaí i mbochtaineacht agus/nó i mbochtaineacht fuinnimh nó atá mbaol na bochtaineachta agus/nó na bochtaineachta fuinnimh, iad siúd a bhfuil bacainní ar an tsoghluaisteacht rompu, nó iad siúd a bhfuil ró-ualach maidir le costas tithíochta orthu. Ba cheart pacáistí beartais a oiriúnú d'imthosca áitiúla, agus riachtanais na codanna is leochailí agus is iargúlta san Aontas, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, á gcur san áireamh.

(17) Ba cheart do thacaíocht ghníomhach le fostaíocht ardcháilíochta díriú ar chuidiú le hoibrithe, cuardaitheoirí poist, daoine nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) agus daoine féinfhostaithe ar mó an difear a dhéanann an t-aistriú glas dóibh. Go háirithe, i gcás daoine tearcionadaithe amhail mná nó daoine ag a bhfuil acmhainneacht oiriúnaitheachta réasúnta íseal maidir le hathruithe ar an margadh saothair, teastaíonn tacaíocht uathu chun feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht agus chun fostaíocht a aimsiú, i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht tar éis

[86] Go háirithe, Straitéisí Bliantúla um Fhás Inbhuanaithe (ASGS) 2021 agus 2022, moltaí maidir leis an limistéar euro 2021 agus Moltaí Tírshonracha.

ghéarchéim COVID-19 (EASE)[87]. Ag cur le treoraíocht bheartais roimhe seo[88], ba cheart do phacáistí beartais bearta saincheaptha a chur san áireamh dá réir sin chun tacú le tionscnaimh earcaíochta agus aistrithe, le tacaíocht fiontraíochta agus le bearta chun poist ardcháilíochta a chruthú, go háirithe le haghaidh micrifhiontar, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus sna críocha ar mó an difear a ndéantar dóibh. Ba cheart dóibh freisin cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach rialacha atá ann cheana maidir le coinníollacha oibre a chothú agus tacú le hathstruchtúrú atá freagrach ar bhonn sóisialta i gcomhréir leis na rialacha agus caighdeáin atá ann cheana. Is ríthábhachtach an ról atá ag comhpháirtithe sóisialta i ndáil le rannchuidiú le haghaidh a thabhairt, trí idirphlé, ar iarmhairtí fostaíochta agus sóisialta na ndúshlán a bhaineann leis an aistriú glas.

(18) Tá rochtain ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach do chách fíor-riachtanach chun a áirithiú go bhfuil na scileanna ag an lucht saothair is gá chun an t-aistriú glas a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart gnéithe a bhaineann le haistriú cóir a chomhtháthú i bhforbairt agus cur chun feidhme straitéisí scileanna náisiúnta, i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna agus Straitéis Tionsclaíochta nua cothrom le dáta an Aontais[89]. Uirlis thábhachtach a bheidh i gcomhpháirtíochtaí scileanna faoin gComhshocrú do Scileanna freisin. Le faisnéis agus fadbhreathnaitheacht cothrom le dáta maidir leis an margadh saothair agus le scileanna, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal ceirde, is féidir riachtanais a bhaineann le scileanna gairmshonracha agus idirdhisciplíneacha ábhartha a aithint agus a thuar, agus is féidir iad a úsáid freisin mar bhonn chun curaclaim a oiriúnú chun riachtanais scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais a chomhlíonadh. Ba cheart do VET scileanna a thabhairt do dhaoine óga agus daoine fásta, mná go háirithe, ar scileanna iad is gá chun an t-aistriú glas a bhaint amach[90]. Maidir le printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna ar íocaíocht, ina bhfuil gnéithe oiliúna láidre, go háirithe le haghaidh daoine óga, rannchuidíonn siad le haistrithe sa mhargadh saothair, go háirithe aistrithe i dtreo gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus earnálacha a bhfuil ganntanais scileanna ar leith iontu. Ba cheart rannpháirtíocht mhéadaithe daoine fásta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chun riachtanais uas-scilithe agus athscilithe a chomhlíonadh, inter alia trí a chur ar a gcumas do dhaoine oiliúint a lorg atá saincheaptha dá riachtanais agus trí chúrsaí gearra a ndéantar dearbhú cáilíochta orthu maidir le scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais, chun cur leis an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúr, rud a fhágfaidh freisin go mbeidh sé níos éasca torthaí na gcúrsaí den chineál sin a luacháil agus a aithint.

(19) Ba cheart comhdhéanamh córas sochair cánach agus córas cosanta sóisialta a athbhreithniú i gcomhthéacs na riachtanas sonrach a eascraíonn as an aistriú glas, chun

---

[87] *Commission Recommendation (2021) 402 of 4 March 2021 on Effective Active Support to employment following the COVID-19 crisis* [Moladh ón gCoimisiún (2021) 402 an 4 Márta 2021 maidir le Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19] (EASE) (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

[88] Go háirithe Moladh EASE agus na treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát arna nglacadh i nDeireadh Fómhair 2020 agus arna n-athdheimhniú i nDeireadh Fómhair 2021.

[89] Teachtaireacht ón gCoimisiún '*Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery*'[Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350 final.

[90] *Council Recommendation of 24 November 2020 on vocational education and training (VET) for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).

go léireofaí iontu freisin an ‘prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’ agus an gá nach dtabharfaidh na beartais a ghabhann leo isteach fóirdheontais le haghaidh úsáid breoslaí iontaise, nach gcuirfidh siad de cheangal ar thomhaltóirí teicneolaíocht shonrach a úsáid agus nach laghdóidh siad dreasachtaí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, ionaduithe córas fuinnimh theirmigh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh go ginearálta. Féadfar meascán de bheartais éagsúla tacú leis na teaghlaigh is leochailí agus leis na hoibrithe ar mó an difear a dhéanann an t-aistriú glas dóibh. Ag brath ar an gcás náisiúnta agus ar an gcás aonair, d’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin, mar shampla, cánachas a aistriú ó chánachas saothair go cuspóirí aeráide agus comhshaoil i gcomhréir leis an togra maidir le athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[91], athbhreithniú ar scéimeanna dífhostaíochta agus/nó tacaíocht spriocdhírithe ioncaim dhírigh, i gcás inar gá. Féadfar measúnú a dhéanamh ar chórais chosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta agus, i gcás inarb infheidhme, féadfar iad a oiriúnú i bhfianaise an aistrithe ghlais, go háirithe chun foráil maidir le slándáil ioncaim, go háirithe le linn aistrithe ó phost go post, agus chun seirbhísí leormhaithe sóisialta, sláinte agus cúraim a sholáthar trí bhonneagar sóisialta leormhaith, go háirithe sna críocha ar mó an difear a ndéantar dóibh (e.g. ceantair tuaithe agus ceantair iargúlta) chun an t-eisiamh sóisialta a chosc, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí don tsláinte. Chun athléimneacht fhisiciúil agus athléimneacht airgeadais maidir le tionchair dho-athraithe an athraithe aeráide a thógáil ar bhealach cuimsitheach, is gá réitigh feasachta riosca, réitigh laghdaithe riosca agus réitigh aistrithe riosca a chur chun cinn, go háirithe trí chur le hinfhaighteacht réiteach árachais agus trí infheistiú i mbainistiú riosca tubaistí agus in oiriúnú chun tionchair fhisiciúla an athraithe aeráide a laghdú agus ar an gcaoi sin laghdófaí caillteanas agus an bhearna i gcosaint na haeráide agus micrifhiontar, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le ceantair tuaithe agus ceantair iargúlta, á gcur san áireamh. Ba cheart bainistiú riosca tubaistí, lena n-áirítear córais cosanta sibhialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a atreisiú chun gurbh fhearr a bheifí in ann suaití a bhaineann leis an aeráid a chosc, ullmhú ina leith agus freagra a thabhairt orthu.

(20) Tá an ceart ag cách ar sheirbhísí bunriachtanacha ar dhea- chaighdeán, seirbhísí fuinnimh, iompair, sláintíochta, airgeadais agus cumarsáide digití san áireamh, agus ba cheart tacaíocht le haghaidh rochtain chomhionann ar sheirbhísí den sórt sin a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar[92]. Ina theannta sin, ba cheart rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar dhea-chaighdeán a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar[93]. De bhreis air sin, is féidir le teaghlaigh ísealioncaim agus meánioncaim, custaiméirí leochaileacha, lena n- áirítear úsáideoirí deiridh, daoine atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh nó daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, tairbhe a bhaint as cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. De bhreis ar thomhaltóirí fuinnimh a chosaint agus a chumhachtú, tá ga le bearta sonracha chun príomhchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh a chosc agus chun dul i ngleic leo, go háirithe trí infheistíochtaí atá dírithe ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn, in earnáil na tithíochta sóisialta go háirithe, i gcomhréir leis an togra maidir

[91] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú), COM(2021) 563 final.

[92] ‘Colún Eorpach na gCeart Sóisialta’, arna fhógairt go sollúnta ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún, 17 Samhain 2017, prionsabal 20.

[93] ‘Colún Eorpach na gCeart Sóisialta’, arna fhógairt go sollúnta ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún, 17 Samhain 2017, prionsabal 19(a).

leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (athmhúnlú)[94] arna ghlacadh an 14 Iúil 2021, maille leis an togra maidir leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[95] arna ghlacadh an 14 Nollaig 2021, ina dtugtar aghaidh freisin ar na príomhbhacainní neamheacnamaíocha atá roimh an athchóiriú, amhail dreasachtaí deighilte, lena n-áirítear suíomhanna úinéara-tionónta agus struchtúir chomhúinéireachta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí áirithe atá go mór i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, amhail mná, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, leanaí agus daoine a bhfuil cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh acu. Féadfar dul i ngleic le dúshláin soghluaisteachta atá ann cheanna féin nó atá ag teacht chun cinn trí bhearta tacaíochta agus tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt, amhail iompar poiblí. Tá inacmhainneacht, inrochtaineacht agus sábháilteacht na soghluaisteachta inbhuanaithe agus modhanna éagsúla iompair, lena n-áirítear iompar príobháideach agus iompair poiblí, an-tábhachtach chun a áirithiú go mbaineann gach duine tairbhe as an aistriú glas agus go bhfuil siad rannpháirteach ann. Tá ról tábhachtach ag an tsoghluaisteacht uirbeach sa chomhthéacs sin, mar a léirítear freisin leis an gCreat Eorpach don tSoghluaisteacht Uirbeach[96] arna ghlacadh an 14 Nollaig 2021.

(21) Ba cheart do chur chuige uile-gheilleagair i leith an aistrithe chóir tacú le gníomhaíocht beartais, bunaithe ar chomhordú an cheaptha beartas agus acmhainní oibríochtúla neartaithe ar gach leibhéal agus ar fud gach réimse beartais ábhartha, lena dtabharfaí freisin ról gníomhach do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, maille le rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal agus ag gach céim, agus rannpháirtíocht éifeachtach ag a mbíonn tionchar ag an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara. Le comhordú agus rannpháirtíocht den chineál sin, d'fhéadfaí a áirithiú go ndéanfaí prionsabail na cothroime agus na dlúthpháirtíochta atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip a chomhtháthú i ndearadh, cur chun feidhme agus faireachán beartais ón tús, trí bhonn a sholáthar do thacaíocht leathan fadtéarmach le haghaidh beartais chuimsitheacha a dhéanann dul chun cinn maidir leis an aistriú glas.

(22) Tá bunús láidir fianaise an-tábhachtach chun beartais fhónta shóisialta agus margaidh saothair a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear aistriú cóir cuimsitheach. Chuige sin, maidir le comhchuibhiú de réir a chéile agus comhsheasmhacht sainmhínithe, coincheapa, aicmithe agus modheolaíochtaí, go háirithe bunaithe ar an Moladh ón gCoimisiún (AE) 2020/1563 maidir le bochtaineacht fuinnimh[97] éascaítear leo measúnuithe agus a n-inchomparáideacht. Féadfar tuilleadh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cur leis an mbonn eolais a d'fhéadfaí a úsáid sa díospóireacht faoi bheartais agus sa díospóireacht phoiblí. Ar a seal, féadfar malartuithe leis an bpobal ina éagsúlacht ar fad agus le príomhpháirtithe leasmhara, mar shampla malartuithe maidir le torthaí meastóireachtaí, beart fadbhreathnaitheachta agus beart faireacháin, cur le ceapadh beartas agus leis an úinéireacht.

---

[94] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), COM(2021) 558 final.

[95] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (arna leasú le Treoir (AE) 2018/844/AE an 30 Bealtaine 2018), COM(2021) 802 final.

[96] Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*The European Urban Mobility Framework*' [An Creat Eorpach don tSoghluaisteacht Uirbeach] COM(2021) 811 final.

[97] Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le bochtaineacht fuinnimh (IO L 357, 27.10.2020, lch. 35).

(23) Is gá sonraí agus táscairí iomchuí atá gráinneach agus d'ardcháilíocht a bheith ann go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair fostaíochta, sóisialta agus dháileacháin a bhíonn ag beartais i leith an athraithe aeráide. Níl na sonraí agus táscairí sin ar fáil ina n-iomláine faoi láthair. Mar shampla, cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le bochtaineacht fuinnimh a thomhas, d'fhéadfaí táscairí chun measúnú a dhéanamh ar bhochtaineacht iompair a fhorbairt. Féadfar faireachán agus meastóireacht a neartú le roinnt beart, bearta a dhíríonn ar tháscairí agus scórchláir, mar aon le treoirthionscadail mhionscála agus tástáil beartais. Féadfar gníomhaíochtaí tógáil ar scórchláir atá ann cheana féin, nó iad a úsáid, amhail an Scórchlár Sóisialta agus clár eolais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ar cláir iad ar a bhfuil faisnéis ábhartha maidir le gnéithe sonracha de bheartais i leith an aistrithe ghlais.

(24) Ar deireadh, i bhfianaise na riachtanas infheistíochta suntasach a eascraíonn as an aistriú glas, tá tábhacht ar leith ag baint leis an úsáid is fearr agus úsáid éifeachtúil a bhaint as cistiú poiblí agus as cistiú príobháideach agus le húsáid na n-acmhainní ar fad atá ar fáil agus a gcur chun feidhme éifeachtúil. Ar leibhéal an Aontais, cuirtear tacaíocht ar fáil do bhearta ábhartha trí bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus trí NextGenerationEU. Cuirfear chun feidhme iad faoi na nithe seo a leanas: an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), an Sásra um Aistriú Cóir (JTM), lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe, Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), ERASMUS+ agus an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), clár LIFE, an clár Fís Eorpach, an Ciste don Nuachóiriú[98], an Ciste Aeráide Sóisialta agus cistí faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). De bhreis air sin, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, trí shaineolas teicniúil saincheaptha a sholáthar chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na hathchóirithe sin a chuireann aistriú cóir i dtreo na neodrachta carbóin chun cinn.

(25) Is é an Seimeastar Eorpach creat comhordúcháin beartais eacnamaíoch agus fostaíochta an Aontas, lena n-áirítear i ndáil le gnéithe de na haistrithe glasa agus digiteacha atá ábhartha go heacnamaíoch agus go sóisialta. Leanfaidh sé den ról sin a chomhlíonadh maidir leis an gcéim téarnaimh agus maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar an dá aistriú, bunaithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch agus i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Faoin Seimeastar Eorpach, déanfaidh an Coimisiún faireachán géar ar thorthaí agus tionchair shocheacnamaíocha agus i gcás inarb ábhartha, molfaidh sé moltaí tírshonracha spriocdhírithe chun a áirithiú nach bhfágtar aon duine ar lár. Tosaíocht a bheidh i gcomhlántacht leis na bearta a dtacaítear leo faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá bhrí sin, déanfar faireachán ar an Moladh seo i gcomhthéacs an Seimeastair Eorpaigh, bunaithe ar mheasúnuithe leormhaithe, meastóireachtaí ar thionchar beartais, agus staid cur chun feidhme na treoraíochta a sholáthraítear sa Mholadh seo.

(26) Thairis sin, mar chuid den dréacht agus den nuashonrú deiridh ar a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECPanna) in 2023 agus 2024, faoi seach, i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán maidir le Rialachas[99], ba cheart do na Ballstáit an Moladh seo a úsáid chun féachaint ar mheasúnuithe tionchair fostaíochta,

[98] Lasmuigh de bhuiséad an Aontais agus NGEU.
[99] I gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán maidir le Rialachas (AE) 2018/1999.

sóisialta agus dáileacháin agus gnéithe den aistriú cóir a phríomhshruthú ar feadh na cúig ghné den Aontas Fuinnimh agus ar tuilleadh feabhais a chur ar bhearta beartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin, agus aird ar leith á tabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh.

(27) Thairis sin, leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme an Mholta seo, féadfar cur leis an bhfianaise atá ann cheana féin i gcomhthéacs na próiseas faireachais iltaobhaigh bunaithe go háirithe faoin Seimeastar Eorpach. Féadfaidh an Chomhairle nó an Coimisiún a iarraidh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta, i gcomhréir le hAirteagail 150 agus 160 CFAE, faoi seach, scrúdú a dhéanamh ina réimse inniúlachta féin ar chur chun feidhme an Mholta seo ar bhonn tuairisciú leordhóthanach ag an gCoimisiún agus ag uirlisí faireachais iltaobhaigh eile. Sa chomhthéacs sin freisin, tá an Coimisiún ag oibriú chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí, chun creataí agus treoraíocht mhodheolaíochta a thabhairt cothrom le dáta, a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear creataí agus treoraíocht chun bochtaineacht fuinnimh, bochtaineacht iompair agus neamh-chomhionannais chomhshaoil a thomhas, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar thionchar iarbhír beart beartais.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

CUSPÓIR

(1) I gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is é is aidhm don Mholadh seo a áirithiú gur aistriú cóir é aistriú an Aontais i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi 2050 agus nach bhfágfar aon duine ar lár leis an gcomhaontú sin.

(2) Iarrtar ar na Ballstáit, chun na críche sin, pacáistí beartas cuimsitheacha agus comhleanúnacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta de réir mar is ábhartha, agus ar an mbealach sin aghaidh a thabhairt ar ghnéithe fostaíochta agus sóisialta chun aistriú cóir a chur chun cinn sna beartais uile, go háirithe beartais aeráide, fuinnimh agus chomhshaoil, agus an úsáid is fearr a bhaint as cistiú poiblí agus príobháideach freisin.

SAINMHÍNITHE

(3) Chun críche an Mholta seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn ‘aistriú glas’ aistriú gheilleagar agus sochaí an Aontais i dtreo cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, trí bheartais agus trí infheistíochtaí go príomha, i gcomhréir leis an an Dlí Aeráide Eorpach lena leagtar síos an oibleagáid neodracht ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050, agus i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Comhaontú Pháras.

(b) Ciallaíonn ‘cuspóirí aeráide agus comhshaoil’ na sé chuspóir a leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/852[100], is iad sin: maolú ar an athrú aeráide; oiriúnú don

[100] Le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO

athrú aeráide; úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint; an t- aistriú chuig geilleagar ciorclach; cosc agus rialú ar thruailliú; agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

(c) Ciallaíonn 'daoine agus teaghlaigh is mó a ndéanann an t-aistriú cóir difear dóibh', maidir le rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta, lena n-áirítear féinfhostaíocht, agus/nó ar oideachas agus ar oiliúint agus/nó ar chaighdeán maith maireachtála agus ar sheirbhísí riachtanacha, na daoine sin a bhfuil a rochtain den sórt sin, le fírinne, teoranta go suntasach nó i mbaol a bheith teoranta go suntasach mar thoradh díreach nó indíreach ar an aistriú glas.

(d) Ciallaíonn 'daoine agus teaghlaigh i staideanna leochaileacha', maidir le rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta, lena n-áirítear féinfhostaíocht, agus/nó ar oideachas agus ar oiliúint agus/nó ar chaighdeán maith maireachtála agus ar sheirbhísí riachtanacha, na daoine sin a bhfuil a rochtain den sórt sin teoranta go suntasach nó i mbaol a bheith teoranta go suntasach, go neamhspleách ar an aistriú glas.

(e) Ciallaíonn 'micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide' fiontair a fhostaíonn níos lú ná 250 duine, lena n-áirítear daoine aonair féinfhostaithe, agus nach mó ná EUR 50 milliún a láimhdeachas bliantúil, agus/nó nach mó ná EUR 43 milliún a gclár comhardaithe bliantúil, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún[101].

(f) Ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an staid a shainmhínítear in Airteagal 2(49) d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[102], is é sin 'easpa rochtana teaghlaigh ar sheirbhísí riachtanacha fuinnimh is cloch bhoinn faoi chaighdeán maith maireachtála agus sláinte, lena n-áirítear teas, fuarú agus soilsiú leormhaith agus an fuinneamh chun cumhacht a thabhairt d'fhearais leictreacha, sa chomhthéacs náisiúnta ábhartha, sa bheartas sóisialta atá ann cheana agus i mbeartais ábhartha eile'[103].

(g) Ciallaíonn 'seirbhísí riachtanacha' seirbhísí ardchaighdeáin, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar agus soghluaisteacht, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach; ba cheart tacaíocht do rochtain ar sheirbhísí den sórt sin a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar, de réir phrionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus ba cheart freisin deiseanna a chur ar fáil chun airgead a shábháil, lena n-áirítear trí athúsáid, athchóiriú, deonú agus seirbhísí comhroinnte.

(h) Ciallaíonn 'pacáiste beartais' tacar cuimsitheach agus comhleanúnach beart beartais a chomhtháthaíonn beartais fostaíochta, scileanna agus shóisialta le

L 198, 22.6.2020, lch. 13) ('An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht') soláthraítear córas coiteann aicmiúcháin maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

[101] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

[102] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), COM(2021) 558 final.

[103] Cé gur faoi na Ballstáit atá sé an coincheap 'custaiméirí leochaileacha' a shainmhíniú, cuimsíonn sé teaghlaigh nach bhfuil in ann a dtithe a théamh nó a fhuarú go leormhaith agus/nó a bhfuil a mbillí fóntais i riaráistí, i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh, C/2020/9600 final (IO L 357, 27.10.2020, lch. 35).

beartais aeráide, fuinnimh, iompair, chomhshaoil agus le beartais eile um athrú glas, trí chur chuige atá dea-chomhordaithe bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de straitéisí agus/nó pleananna gníomhaíochta náisiúnta, agus a bhaineann tairbhe as sásraí comhordaithe agus rialachais ar leibhéal an Aontais de réir mar is cuí.

PACÁISTÍ BEARTAIS LE hAGHAIDH AISTRIÚ GLAS CÓIR

(4) Chun tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil d'fhostaíocht ardcháilíochta le haghaidh aistriú cóir agus chun forbairt a dhéanamh ar an Moladh EASE, tugtar spreagadh do na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, na bearta seo a leanas a mheas chun tacú leis na daoine is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, go háirithe iad siúd atá i staideanna leochaileacha agus, i gcás inar leormhaith, tacú leo an t-aistriú a dhéanamh, trí fhostaíocht nó trí fhéinfhostaíocht, i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach:

(a) Tacú go héifeachtach le rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta, go háirithe trí chúnamh cuardaigh post saincheaptha agus trí chúrsaí foghlama solúbtha modúlacha lena ndírítear freisin ar scileanna glasa digiteacha i gcás inarb iomchuí. Cláir fostaíochta atá dea-cheaptha, spriocdhírithe agus faoi cheangal ama a mheas freisin, cláir lena n-ullmhaítear tairbhithe trí oiliúint, go háirithe daoine i staideanna leochaileacha, chun páirt leanúnach a ghlacadh sa mhargadh saothair.

(b) Úsáid éifeachtach a bhaint as dreasachtaí earcaíochta agus aistrithe atá spriocdhírithe agus dea-cheaptha, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh ar úsáid leordhóthanach a bhaint as fóirdheontais pá agus earcaíochta agus as dreasachtaí atá nasctha le ranníocaíochtaí slándála sóisialta, rudaí a ghabhadh le haistrithe sa mhargadh saothair agus le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud réigiún agus tíortha, i bhfianaise na ndeiseanna agus na ndúshlán a bhaineann leis an aistriú glas.

(c) Fiontraíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontair shóisialta[104], go háirithe i réigiúin a bhfuil dúshláin a bhaineann leis an aistriú rompu agus, i gcás inarb iomchuí, in earnálacha a chuireann cuspóirí aeráide agus comhshaoil chun cinn, amhail an geilleagar ciorclach. Ba cheart bearta airgeadais, lena n-áirítear deontais, iasachtaí nó cothromas, agus bearta neamhairgeadais, lena n-áirítear seirbhísí oiliúna agus comhairleacha, a bheith san áireamh sa tacaíocht, agus iad saincheaptha do gach céim de shaolré an ghnó. Ba cheart í a bheith cuimsitheach agus rochtain a bheith uirthi ag grúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus atá faoi mhíbhuntáiste.

(d) Cruthú post a spreagadh, go háirithe i ndlínsí is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, in earnálacha a chuireann cuspóirí aeráide agus comhshaoil chun cinn, amhail an geilleagar ciorclach, trí éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargaí ag micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe iad a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, d'fhonn

[104] Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Building an economy that works for the people: an action plan for the social economy' [Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta'], COM(2021) 778 final.

iomaíochas, nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn ar fud an mhargaidh aonair, lena n-áirítear sna hearnálacha agus sna héiceachórais a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo i gcomhthéacsanna náisiúnta agus áitiúla.

(e) A áirithiú go ndéanfar na rialacha atá ann cheana maidir le coinníollacha oibre a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, go háirithe maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, le heagrú oibre agus le rannpháirtíocht oibrithe, d'fhonn cáilíocht post a chosaint le linn an aistrithe, lena n-áirítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach.

(f) Úsáid caighdeán soláthair phoiblí atá freagrach ar bhonn sóisialta a chothú[105], lena n-áirítear trí chritéir dhámhachtana shóisialta, lena gcruthaítear deiseanna do na daoine is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, agus critéir dhámhachtana ghlasa á gcur chun cinn freisin.

(g) Foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht iomlán agus fhóinteach na n-oibrithe agus a n-ionadaithe a mhéid a bhaineann le hathrú a thuar agus le próisis athstruchtúraithe a bhainistiú, lena n-áirítear iad atá nasctha leis an aistriú glas, i gcomhréir le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú[106].

(5) Chun rochtain chomhionann ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar fad an tsaoil atá cuimsitheach agus ar ardcháilíocht a áirithiú, mar aon le comhdheiseanna, spreagtar na Ballstáit na bearta seo a leanas a mheas lena gcur i bhfeidhm i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta, go háirithe chun tacú le daoine agus le teaghlaigh is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, go sonrach iad siúd atá i staideanna leochaileacha.

(a) Gnéithe fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais a chur san áireamh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na straitéisí náisiúnta scileanna faoin gClár Oibre Eorpach do Scileanna, agus comhpháirtíochtaí geallsealbhóirí a chur ar bun agus a stiúradh ar bhonn réamhghníomhach faoin gComhshocrú do Scileanna, rud a áiritheoidh go háirithe go mbeidh scileanna i gcroílár na gconairí aistrithe comhchruthaithe do na héiceachórais thionsclaíocha ábhartha a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach.

(b) Faisnéis agus fadbhreathnaitheacht cothrom le dáta maidir leis an margadh saothair agus le scileanna a fhorbairt, agus na riachtanais a bhaineann le scileanna gairmshonracha agus idirdhisciplíneacha a aithint agus a thuar. Forbairt a dhéanamh ar na huirlisí agus ar na tionscnaimh reatha atá ann, lena n-áirítear saineolas agus comhar na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha. Curaclaim oideachais agus oiliúna a oiriúnú dá réir sin.

(c) Oideachas agus oiliúint tosaigh atá cuimsitheach agus ar ardcháilíocht a sholáthar, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, lena dtugtar

[105] I gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais inrochtana i leith táirgí agus seirbhísí (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70), agus Fógra ón gCoimisiún 'Ceannach Sóisialta - Treoir maidir le dálaí sóisialta sa soláthar poiblí a chur san áireamh – an dara heagrán' (IO C 237, 18.6.2021, lch. 1).

[106] Teachtaireacht ón gCoimisiún 'EU Quality Framework for anticipation of change and restructuring' ['Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú'], COM(2013) 882 final.

scileanna agus inniúlachtaí atá ábhartha maidir leis an aistriú glas d'fhoghlaimeoirí. Ba cheart foghlaim ar mhaithe leis an inbhuaine – lena n-áirítear an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic (STEM), cuir chuige idirdhisciplíneacha agus scileanna digiteacha – a bheith ina dlúthchuid de na cláir sin. Gníomhaíochtaí sonracha a ghlacadh chun mná agus grúpaí eile a mhealladh atá faoi ghannionadaíocht sna réimsí gairme lena mbaineann.

(d) Scéimeanna tacaíochta um printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a thabhairt isteach nó a neartú ina bhfuil gné oiliúna láidir, go háirithe i micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear iad a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach agus iad in earnálacha a bhfuil ganntanais scileanna ar leith iontu, amhail tógáil agus TFC. D'fhéadfadh sé go mbeadh scéimeanna den sórt sin faoi réir faireacháin agus meastóireachta, agus go ndéanfaí cáilíocht post a chosaint, i gcomhréir leis an gCreat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha[107] agus leis an gCreat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna[108].

(e) Rannpháirtíocht daoine fásta in oiliúint a mhéadú le linn an tsaoil oibre, i gcomhréir leis na riachtanais uas-scilithe agus athoiliúna atá ann i gcás an aistrithe ghlais, ach a áirithiú go mbíonn tacaíocht ar fáil d'oiliúint le linn na hoibre, d'aistrithe gairmiúla agus do scileanna idirdhisciplíneacha, go háirithe chun an t-athrú a éascú i dtreo earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil coinne leis go méadóidh siad. Chuige sin, teidlíochtaí oiliúna a chur ar fáil i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe maidir le cuntais foghlama aonair[109], i bhfoirm saoire oiliúna atá íoctha agus i bhfoirm gairmthreorach. Tacú le cúrsaí gearra a fhorbairt a ndéantar dearbhú cáilíochta orthu agus atá aitheanta go forleathan, agus forbairt á déanamh ar an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúr[110].

(6) Chun a áirithiú go leanann córais sochair chánach agus córais cosanta sóisialta de bheith cóir i gcomhthéacs an aistrithe ghlais, agus chun forbairt a dhéanamh ar an Moladh maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[111], spreagtar na Ballstáit na bearta seo a leanas a mheas chun tacú leis na daoine agus leis na teaghlaigh is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, go háirithe iad atá i staideanna leochaileacha, d'fhonn tacú le haistrithe sa mhargadh saothair, lena n-áirítear aistrithe i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, a choisceann agus a mhaolaíonn bochtaineacht fuinnimh agus iompair, agus a laghdaíonn tionchair chúlchéimnitheacha na mbeart beartais:

(a) Córais chánachais a mheasúnú agus, i gcás inar gá, a oiriúnú i bhfianaise na ndúshlán a thagann chun cinn de bharr an aistrithe i dtreo neodracht ó thaobh

---

[107] Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1).

[108] Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1).

[109] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir cuntais foghlama aonair, COM(2021) 773 final.

[110] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'infhostaitheacht, COM(2021) 770 final.

[111] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

na haeráide de, go sonrach tríd an muirear cánach a aistriú ón saothar agus tríd an ding chánach do ghrúpaí ísealioncaim agus meánioncaim a laghdú agus a aistriú i dtreo foinsí eile a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, trí thionchair chúlchéimnitheacha a chosc agus a mhaolú, trí nádúr forásach na cánach dírí a chaomhnú agus trí mhaoiniú beart leormhaith cosanta sóisialta agus infheistíochta a chosaint, go háirithe iad atá dírithe ar an aistriú glas.

(b) Córais cosanta sóisialta agus beartais maidir le cuimsiú sóisialta a mheasúnú agus, i gcás inarb infheidhme, a oiriúnú i bhfianaise na ndúshlán fostaíochta, sóisialta agus sláinte atá ann de bharr an aistrithe ghlais, chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith leormhaith agus inbhuanaithe. Chuige sin, breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le slándáil ioncaim leormhaith a áirithiú agus a oiriúnú do na riachtanais a thagann chun cinn de bharr an aistrithe ghlais, lena n-áirítear trí scéimeanna nuálacha um aistriú ó phost go post, trí shochair dhífhostaíochta agus trí chórais ioncaim íosta. Soláthar agus maoiniú inbhuanaithe seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardcháilíocht a áirithiú freisin, go háirithe do dhaoine agus do theaghlaigh is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, go sonrach trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar sóisialta le haghaidh cúram leanaí, cúram fadtéarmach agus cúram sláinte.

(c) I gcás inar gá, tacaíocht spriocdhírithe agus shealadach ioncaim dhírigh a sholáthar, agus rannchuidiú le bearta a leagtar amach in 7(a) agus feidhm á baint astu, go háirithe do dhaoine agus do theaghlaigh atá i staideanna leochaileacha, chun forbairtí díobhálacha maidir le hioncam agus le praghsanna a mhaolú, agus é sin nasctha freisin le dreasachtaí feabhsaithe chun cuspóirí riachtanacha aeráide agus comhshaoil a bhaint amach ar bhonn práinne, agus comharthaí praghais a thacaíonn leis an aistriú glas á gcaomhnú ag an am céanna. Chuige sin, a áirithiú go mbíonn maoiniú ceart ar fáil do na bearta sin, lena n-áirítear trí cháilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gCiste Sóisialta ar son na hAeráide, agus trí leas a bhaint as na hacmhainní buiséadacha a chruthaítear le cánacha fuinnimh agus comhshaoil agus le Córas an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.

(d) Feabhas a chur ar réitigh feasachta riosca, ar réitigh laghdaithe riosca agus ar réitigh aistrithe riosca a bhaineann le teaghlaigh agus le fiontair, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, go sonrach ach a áirithiú go mbíonn réitigh árachais ar fáil agus inacmhainne, go háirithe do dhaoine agus do theaghlaigh atá i staideanna leochaileacha.

(7) Chun rochtain ar sheirbhísí riachtanacha inacmhainne agus ar thithíocht inacmhainne a áirithiú do dhaoine agus do theaghlaigh is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh, go háirithe dóibh atá i staideanna leochaileacha, spreagtar na Ballstáit na bearta seo a leanas a mheas:

(a) Tacaíocht airgeadais phoiblí agus phríobháidigh a úsáid agus dreasachtaí a chur ar fáil chun go ndéanfaí infheistíocht phríobháideach i bhfoinsí fuinnimh inathnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh, agus é sin comhlánaithe le comhairle do thomhaltóirí maidir lena n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus le cinntí eolasacha a dhéanamh i dtaca le fuinneamh a spáráil, chun a mbillí fuinnimh a laghdú, agus é sin dírithe ar theaghlaigh agus ar phobail leochaileacha go háirithe. Chuige sin, a áirithiú go mbíonn maoiniú

ceart ar fáil do na bearta sin, lena n-áirítear trí cháilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gCiste Sóisialta ar son na hAeráide, agus trí leas a bhaint as na hacmhainní buiséadacha a chruthaítear le cánacha fuinnimh agus comhshaoil agus le Córas an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.

(b) Bochtaineacht fuinnimh a chosc agus a mhaolú trí bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i dteaghaisí chun athchóirithe a spreagadh, lena n-áirítear san earnáil tithíochta sóisialta[112]. Chuige sin, dreasachtaí cánach, deontais agus iasachtaí atá dea-cheaptha a chur ar fáil, in éineacht le comhairle ghaolmhar, do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide freisin, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar dhreasachtaí, go háirithe d'úinéirí agus do thionóntaí, agus ar fhorbairt na gcostas tithíochta, go háirithe do theaghlaigh atá i staideanna leochaileacha.

(c) Tomhaltóirí fuinnimh a chumhachtú, lena n-áirítear teaghlaigh atá i staideanna leochaileacha, trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar fhéinsoláthar trí mheán socruithe aonair fuinnimh inathnuaite agus trí mheán seirbhísí eile trí phobail fuinnimh saoránach[113], rudaí a mbeidh bearta agus feachtais oideachais in éineacht leis, agus leagfar béim ar leith ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha agus ar thomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe.

(d) Dúshláin agus bacainní iompair agus soghluaisteachta atá roimh theaghlaigh i staideanna leochaileacha a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe i réigiúin agus i gcathracha iargúlta, tuaithe agus ísealioncaim, trí bhearta beartais agus tacaíochta leormhaithe agus tríd an mbonneagar riachtanach a fhorbairt, chun feabhas a chur ar nascacht riachtanach, agus ar an mbealach sin rochtain a éascú ar oideachas, ar shláinte, ar fhostaíocht agus ar chosaint shóisialta. Inrochtaineacht iompair phoiblí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear minicíocht, a áirithiú, go háirithe, agus i gcás inarb iomchuí úsáid modhanna inbhuanaithe soghluaisteachta príobháidí a chur chun cinn[114], agus béim á leagan ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus sábháilteacht a áirithiú.

(e) Rochtain ar thomhaltas inbhuanaithe a éascú, lena n-áirítear cothú, go háirithe do dhaoine agus do theaghlaigh i staideanna leochaileacha, agus leanaí go háirithe, agus deiseanna coigiltis costais a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn. Chuige sin, foráil a dhéanamh maidir le dreasachtaí agus uirlisí éifeachtacha, amhail gníomhaíochtaí agus tionscnaimh áitiúla a bhaineann le nuálaíocht shóisialta, tacú le hathúsáid, le hathchóiriú, le deonú agus le scéimeanna comhroinnte, lena n-áirítear trí fhiontair an gheilleagair shóisialta, agus oideachas agus ardú feasachta maidir le hinbhuaine comhshaoil

[112] I gcomhréir leis na Treoirlínte athbhreithnithe atá le teacht maidir le Cabhair le haghaidh na hAeráide, an Fhuinnimh agus an Chomhshaoil, a bhfuil coinne leis go mbeidh feidhm acu amhail ó 2022.

[113] Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

[114] I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future' ['Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste – an córas iompair Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí'], COM(2020)789 final.

a chur chun cinn le haghaidh foghlaimeoirí de gach aois agus ag gach leibhéal an oideachais[115].

GNÉITHE TRAS-EARNÁLACHA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ BEARTAIS LENA dTACAÍTEAR LE hAISTRIÚ GLAS CÓIR

(8) Chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas ar bhealach cuimsitheach daonlathach, agus cuspóirí aistrithe chóir á gcomhtháthú sa phróiseas ceaptha beartas ar gach leibhéal ón tús agus cur chuige uile-gheilleagair éifeachtach i leith beartais um aistriú cóir á áirithiú, iarrtar ar na Ballstáit:

(a) Ceapadh beartas a chomhordú ar gach leibhéal agus ar fud na réimsí beartais ábhartha uile, go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht d'fhonn creat comhtháite agus cumasúcháin beartais a thógáil lena dtabharfar aird chuí ar thionchair dháileacháin agus ar iarmhairtí dearfacha agus diúltacha freisin, lena n-áirítear i réigiúin trasteorann, agus lena gcomhtháthaítear straitéisí meastóireachta leormhaithe agus córasacha, measúnuithe ex ante agus ex post san áireamh.

(b) Ról gníomhach a thabhairt d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla, i bhfianaise a ghaire atá siad do shaoránaigh agus do ghnólachtaí áitiúla, i gcur chun feidhme agus i monatóireacht na mbeartas um aistriú cóir.

(c) Páirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal réigiúnach agus leibhéal áitiúil i ngach céim den cheapadh beartais atá beartaithe faoin moladh seo, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil i gcás inar leormhaith. Ina theannta sin, maidir le dearadh agus le cur chun feidhme na gconairí aistrithe le haghaidh éiceachórais thionsclaíocha faoi Straitéis Nua Tionsclaíochta nuashonraithe an Aontais, rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta ann a chur chun cinn a thuilleadh.

(d) Daoine, an tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí a chumhachtú agus a chumasú, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, daoine óga agus leanaí a éilíonn gníomhaíocht phráinneach ar son na haeráide, agus gníomhaithe an gheilleagair shóisialta, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú Aeráide Eorpach[116], d'fhonn a rannpháirtíocht i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas, agus trí úsáid a bhaint freisin as modhanna rannpháirtíochta nua ina bhfuil páirt ag daoine i staideanna leochaileacha.

(e) Acmhainní oibríochtúla na seirbhísí poiblí ábhartha a neartú chun treoir agus tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil maidir le beartais um athrú cóir a chur chun feidhme. Go háirithe, seirbhísí fostaíochta poiblí a neartú chun tacú le haistrithe sa mhargadh saothair agus le faisnéis maidir le scileanna, mar aon le cigireachtaí saothair chun dálaí oibre a chosaint. Ina theannta sin, seirbhísí sóisialta agus sláinte a úsáid i gcás inarb iomchuí, go háirithe chun tacú le haistrithe sa mhargadh saothair agus chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh.

[115] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil, COM(2021) 557 final.
[116] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Comhshocrú Aeráide Eorpach', COM(2020) 788 final.

(9) Chun inrochtaineacht agus cáilíocht na sonraí agus na fianaise atá ag teastáil chun beartais shóisialta agus margaidh saothair fhónta a chur ar bun chun go mbeidh aistriú cóir ann i dtreo neodracht ó thaobh na haeráide de, iarrtar ar na Ballstáit:

(a) An fhianaise is bonn le beartais um aistriú cóir a neartú trí, inter alia, dul chun cinn a dhéanamh maidir le sainmhínithe, coincheapa agus modheolaíochtaí a chomhchuibhiú agus a dhéanamh comhsheasmhach de réir a chéile, lena n-áirítear ar bhonn Mholadh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh agus ar bhonn ghníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa Comhordaithe maidir le Bochtaineacht Fuinnimh agus Tomhaltóirí Leochaileacha, agus trí úsáid a bhaint as modhanna atá ar fáil le haghaidh meastóireachtaí ar thionchar beartas. Straitéisí meastóireachta agus bailiúcháin sonraí a chur san áireamh freisin in ullmhú agus i gceapadh na mbeart beartais agus na dtionscnamh reachtach ábhartha.

(b) Measúnuithe tionchair fostaíochta, sóisialta agus dáileacháin (ex ante) atá láidir agus trédhearcach a fhorbairt agus a phríomhshruthú mar chuid d'athchóirithe agus beartais aeráide, fuinnimh agus comhshaoil náisiúnta.

(c) A áirithiú go ndéantar faireachán agus meastóireacht neamhspleách (ex post) atá éifeachtach agus trédhearcach ar éifeachtaí fostaíochta, sóisialta agus dáileacháin a bhíonn ag athchóirithe agus bearta náisiúnta a chuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, agus páirt a thabhairt do chomhpháirtithe agus do gheallsealbhóirí eile i sainaithint na gceisteanna meastóireachta agus, de réir mar is ábhartha, i ndearadh agus i gcur chun feidhme na straitéisí meastóireachta agus comhairliúcháin.

(d) Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí chistiú ón gclár Fís Eorpach, chun feabhas a chur ar shamhaltú agus ar mheasúnú na ngnéithe maicreacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta de na beartais don athrú aeráide. Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ábhartha a chur chun cinn, go háirithe misin Fhís na hEorpa maidir le 'Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear an Claochlú Sochaíoch', agus le 'Cathracha cliste agus aeráid-neodracha', rud a d'fhéadfadh cabhrú le réitigh phraiticiúla a fhorbairt chun tacú leis an aistriú glas ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil.

(e) Torthaí na gcleachtas meastóireachta, fadbhreathnaitheachta agus monatóireachta a chur faoi bhráid an phobail go tráthrialta, agus malartuithe le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí eile a eagrú maidir leis na príomhthorthaí agus na coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh.

AN ÚSÁID IS FEARR IS FÉIDIR A BHAINT AS CISTIÚ POIBLÍ AGUS PRÍOBHÁIDEACH

(10) Chun infheistíocht chost-éifeachtach agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil i gcomhréir leis an gcreat státchabhrach chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sóisialta agus margaidh saothair a bhaineann le haistriú glas cóir, agus leas á bhaint as sineirgí ar fud na gclár agus na n-ionstraimí atá ar fáil, agus é sin á dhíriú ar na réigiúin agus ar na héiceachórais thionsclaíocha is mó a ndéantar difear dóibh, iarrtar ar na Ballstáit:

(a) Na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ábhartha a chur chun feidhme ina n-iomláine faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus comhlántacht le cistí eile á háirithiú.

(b) Ionstraimí agus roghanna cistiúcháin atá ann cheana a úsáid, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, agus a áirithiú go n-úsáidtear iad ar bhealach comhleanúnach optamach ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, chun tacú le gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí ábhartha. Cuimsíonn ionstraimí chistiúcháin an Aontais, go háirithe, cistí an Bheartais Comhtháthaithe, an Sásra um Aistriú Cóir, an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, ERASMUS+, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), an clár LIFE, agus an Ciste don Nuachóiriú.

(c) Acmhainní leordhóthanacha náisiúnta a ghealladh agus a úsáid chun cuidiú le tacar cuimsitheach beart a chur chun feidhme lena mbainfear amach aistriú glas cothrom. Ba cheart na bearta sin a mhaoiniú go leordhóthanach, lena n-áirítear trí cháilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, trí úsáid a bhaint as maoiniú príobháideach breise, agus/nó trí úsáid a bhaint as ioncaim phoiblí bhreise, agus trí leas a bhaint as ioncaim ó thrádáil astaíochtaí, ioncaim atá ag dul i méid. Gnéithe fostaíochta, sóisialta agus dáileacháin a chur san áireamh i bhforbairt na gcleachtas maidir le buiséadú glas.

(d) Meascán cothromaithe beart a dhearadh sna Pleananna Aeráide Sóisialta náisiúnta faoin gCiste Sóisialta Aeráide atá beartaithe, lena n-áirítear trí infheistíochtaí glasa a chomhlánú, agus i gcás inar gá, ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí ar laghdú astaíochtaí agus billí fuinnimh, bearta tacaíochta ioncaim sealadacha agus spriocdhírithe a úsáid chun teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh ar úsáideoirí iompair iad a chúiteamh, agus dúshláin ábhartha thírshonracha a aithnítear agus moltaí a eisítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

GNIOMHAÍOCHTAÍ AMACH ANSEO LE hAGHAIDH AISTRIÚ GLAS CÓIR

(11) Chun go dtabharfar faoi ghníomhaíochtaí leantacha fiúntacha bunaithe ar an Moladh seo ón gComhairle, is díol sásaimh do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an rún atá ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Feabhas breise a chur ar na malartuithe le príomhhgeallsealbhóirí, le príomhdhaoine agus le príomhphobail lena mbaineann, chomh maith le malartuithe dea-chleachtas, lena n-áirítear i gcomhthéacs chonairí aistrithe na n-éiceachóras tionsclaíoch[117], go háirithe i gcomhthéacs trasteorann agus béim á leagan ar na réigiúin agus ar na hearnálacha is mó a ndéantar difear dóibh.

(b) Tacaíocht a thabhairt don fheabhsú ar leormhaitheas, comhsheasmhacht agus éifeachtacht bheartais na mBallstát um aistriú cóir, lena n-áirítear na gnéithe fostaíochta, sóisialta agus dáileacháin atá le cur san áireamh i ndearadh, cur chun feidhme, faireachán agus measúnú na bpleananna náisiúnta agus na straitéisí fadtéarmacha, agus, b'fhéidir, i gcomhthéacs an athbhreithnithe a

[117] Mar a fógraíodh sa straitéis tionsclaíochta nuashonraithe, amhail an tionscal tógála, tionscail atá dian ó thaobh fuinnimh de, nó soghluaisteacht.

dhéanfar ar an Rialachán Rialachais amach anseo freisin, de réir mar is iomchuí.

(c) An bunachar sonraí a neartú, go háirithe trí rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí riaracháin agus, i gcás inarb ábhartha, sonraí ó pháirtithe sóisialta, ó thionscail, ón tsochaí shibhialta, agus ó shuirbhéanna ar thuairimí an phobail, agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir mhodheolaíoch maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair fostaíochta, shóisialta agus dháileacháin an aistrithe chóir agus na mbeartas aeráide agus fuinnimh, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh de réir mar is iomchuí.

(d) Feabhas a chur ar a fhaireachán rialta agus ar a anailís fhadbhreathnaitheach ar fhorbairtí agus rioscaí a bhaineann le bochtaineacht fuinnimh san Aontas, lena n-áirítear gnéithe sóisialta agus dáileacháin, agus treoir a thabhairt d’obair an Ghrúpa Comhordaithe maidir le Bochtaineacht Fuinnimh agus Tomhaltóirí Leochaileach agus d’obair grúpaí saineolaithe ábhartha eile.

(e) Tuilleadh taighde a fhorbairt agus fianaise a neartú maidir le sainiú, faireachán agus meastóireacht ar an dul chun cinn i dtreo rochtain leordhóthanach a sholáthar ar sheirbhísí riachtanacha, trí choincheap na ‘bochtaineachta iompair’ a fhorbairt freisin i gcás inarb iomchuí, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais i dtreo gheilleagar inbhuanaithe na dea-bhaile.

(f) Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an Mholta seo i gcomhthéacs an fhaireachais iltaobhaigh sa Seimeastar Eorpach, agus forbairt á déanamh ar na scórchláir agus ar na creataí faireacháin atá ann cheana, agus táscairí breise á gcur leo sin i gcás inar gá. Treoir a thugtar sa Mholadh seo faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide a mheas, go háirithe mar chuid dá mheasúnuithe le linn an nuashonraithe atá le teacht ar Phleananna comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide in 2023-24.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*